
![RSA logo]




# Tuarascáil Bhliantúil

# 2013

Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority





# CLÁR ÁBHAR


RÁITEAS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH ..... 02

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH ..... 04

RÉAMHRÁ ..... 06

TÁSTÁIL AGUS CEADÚNÚ TIOMÁNAITHE ..... 16

SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE, TAIGHDE AGUS OIDEACHAS TIOMÁNAITHE ..... 22

CAIGHDEÁIN FEITHICLÍ AGUS FORFHEIDHMIÚ ..... 36

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA ..... 46



**MOYAGH MURDOCK UAS.**
PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

TÁ AN **CHÉAD DEICH MBLIANA EILE** PLEANÁILTE AGAINN

# RÁITEAS AN **PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**

Bliain an-dúshlánach agus an-ghnóthach ba ea 2013 don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. I mí an Mhárta, sheolamar Straitéis nua an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre, ina gcuimsítear an tréimhse 2013 go 2020. Beidh an cháipéis sin ar an treoirphlean do shábháilteacht ar bhóithre in Éirinn go deireadh an chéad deich mbliana eile.

Is tábhachtach go bhfuil an straitéis ar chomhréim le tréimhse ama Phlean an AE um Shábháilteacht ar Bhóithre agus leis na príomhthéamaí a leagtar amach ann.

Tugtar le fios in anailís neamhspleách gur chuir bearta na Straitéise roimhe le cosc níos mó ná 686 imbhualadh marfach, le 1,312 imbhualadh as ar tháinig gortú tromchúiseach agus le 649 mion-imbhualadh le linn shaolré na Straitéise (2007 go 2013). Má thugann na Ranna Rialtais éagsúla, na gníomhaireachtaí agus an pobal mór an leibhéal céanna tiomantais don straitéis nua, níl aon amhras orm gur féidir linn an leibhéal tráma ar bhóithre a laghdú arís eile.

Sa bhliain 2013, chuir an RSA roinnt athchóirithe suntasacha chun feidhme ar an dóigh a dtástáiltear trucailí agus busanna i gcomhair ródacmhainneachta. Is é an aidhm atá le hathchóiriú chóras na Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála ná feithiclí tráchtála atá contúirteach agus lochtach a choinneáil den bhóthar. Bunús an chláir athchóirithe is ea na tuairteanna bus scoile i mBaile an Cheantaigh agus i gClóirtheach nuair a maraíodh seisear leanaí scoile go tragóideach. Ina theannta sin, fuarthas amach i dtuarascáil a rinne PwC maidir leis an gcóras tástála d'fheithiclí tráchtála go raibh athchóiriú suntasach riaracháin agus oibriúcháin ag teastáil chun sábháilteacht gach úsáideora bóithre a chinntiú.

Mórábhar imní ó thaobh sábháilteachta ar bhóithre de iad feithiclí nach bhfuil ródacmhainneach. Ní amháin go bhfuil sé an-chontúirteach feithiclí lochtacha a thiomáint, ach cuireann siad úsáideoirí eile bóithre i mbaol freisin. Ghlac Cigirí Feithiclí an RSA páirt i 1,616 seicphointe ar thaobh an bhóthair i gcomhar leis an nGarda Síochána agus rinne siad seiceálacha i gcomhair ródacmhainneachta ar 14,269 feithicil an bhliain seo caite. Bhí lochtanna ar níos mó ná an leathchuid de na feithiclí sin (56.5%). Bhí na lochtanna ar 521 feithicil chomh tromchúiseach sin gur thug siad údar le gníomh láithreach amhail gaibhniú, deisiú ar an láthair nó tástáil nua ródacmhainneachta.

## BA MHAITH LIOM AITHEANTAS A THABHAIRT DON RANNCHUIDIÚ SUNTASACH A RINNE GACH BALL FOIRNE LENÁR SPRIOCANNA A BHAINT AMACH I MBLIAIN AN-GHNÓTHACH DON ÚDARÁS AGUS BA MHAITH LIOM BUÍOCHAS A GHABHÁIL LEO AS AN RANNCHUIDIÚ SIN.

D'aistrigh Éire ó cheadúnais pháipéir tiomána carranna go ceadúnais phlaisteacha tiomána carranna an 19 Eanáir 2013. Ghlac an RSA leis an bhfreagracht as an gcóras náisiúnta ceadúnaithe i mí na Samhna tríd an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána (NDLS).

Fuaireamar roinnt aiseolas an-dearfach ó dhaoine ó gach cearn den tír maidir leis an gceadúnas nua. Is mór acu na gnéithe slándála, an mharthanacht agus an áisiúlacht a ghabhann leis an gcárta. Chomh maith leis sin, is ceadúnas tiomána níos nua-aimseartha é a aithnítear ar fud an AE. Ós rud é nach bhfuil na ceadúnais nua chomh soghabhálach i leith calaoise i gcomparáid leo siúd a bhí ann roimhe seo, is uirlis thábhachtach sábháilteachta ar bhóithre iad maidir le daoine a thiomáineann feithicil go neamhdhleathach a choinneáil den bhóthar.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus leis an mBord as an bhfáilte chroíúil a chuir siad romham ó chuaigh mé i mbun an phoist mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Ba mhaith liom go háirithe aitheantas a thabhairt don rannchuidiú suntasach a rinne gach ball foirne lenár spriocanna a bhaint amach i mbliain an-ghnóthach don Údarás agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as an rannchuidiú sin.

Tá sé tábhachtach buíochas a ghabháil leis na meáin as an tacaíocht a thug siad do shábháilteacht ar bhóithre in 2013. Gan an cuidiú a thugann siad dúinn, ní bheimis in ann ár dteachtaireachtaí a chur in iúl don phobal, teachtaireachtaí a shábhálann saolta. Go deimhin, is gá buíochas a ghabháil freisin leis na gníomhaireachtaí comhpháirtithe éagsúla a n-oibrímid leo ó thaobh sábháilteachta ar bhóithre de agus, mar thoradh ar an méadú ar bhásanna ar bhóithre anuraidh, tá sé níos tábhachtaí ná riamh go n-oibrímid go léir le chéile chun ár gcomhsprioc a bhaint amach, is é sin, oibriú lena chéile le saolta a shábháil ar bhóithre na hÉireann.

**Moyagh Murdock**
Príomhfheidhmeannach



**AN TUASAL GAY BYRNE**
CATHAOIRLEACH

144 GNÍOMH TARRTHÁLA **Á GCUR CHUN** FEIDHME

# RÁITEAS AN **CHATHAOIRLIGH**

Is mór an brón atá orm a thuairisciú gur tháinig méadú ar líon na mbásanna ar bhóithre anuraidh, an chéad mhéadú le hocht mbliana anuas. Chaill 190 duine a saol in 2013 i gcomparáid le 162 duine sa bhliain roimhe. Méadú 28 duine is ea sin. Tá méadú ag teacht freisin ar líon na ngortuithe.

Tá gortuithe de bharr imbhuailtí tráchta ag laghdú de réir a chéile ó 2008 ar aghaidh. Tháinig méadú orthu sa bhliain 2012, áfach, agus tugtar le fios i bhfigiúirí sealadacha do 2013 go bhfuil an figiúr sin fós ag méadú.

Is eol dúinn freisin nach dócha go dtuairiscítear gach gortú tromchúiseach agus aithníonn cuid mhór saineolaithe sábháilteachta ar bhóithre san AE an méid sin. Is dócha go bhfuil fíorlíon na ngortuithe tromchúiseacha níos airde ná sin. Cé go bhfuil sé róluath le rá cé acu treochtaí gearrthéarmacha nó táscairí maidir lena bhfuil i ndán dúinn san fhadtéarma atá iontu, léiríonn siad go bhfuil gá againn le tuilleadh béime a chur ar an tionchar millteach a imríonn gortuithe, gortuithe tromchúiseacha ach go háirithe, tar éis imbhuailtí.

Tá sé doiligh a rá go cinnte cad a chuaigh amú anuraidh toisc nach bhfuil gach ceann de na himscrúduithe ar thuairteanna thart go fóill. Is eol dúinn aon ní amháin. Tháinig méadú 22% ar líon na dtiománaithe a maraíodh ar na bóithre in 2013. Rud suaiteach, ní raibh crios sábhála á chaitheamh ag tiománaí amháin as gach cúigear díobh. Tháinig méadú faoi dhó, beagnach, ar líon na mbásanna i measc gluaisrothaithe, ó 16 dhuine go 27 duine, agus tharla cuid mhór díobh sin le linn mhíonna an tsamhraidh.

I gcás aon triain de na básanna i measc coisithe, maraíodh an coisí agus é ag trasnú an bhóthair agus ba le daoine scothaosta a bhain an baol ba mhó.

Is dóite an scéal é gur cailleadh an oiread sin daoine. D'oibríomar chomh crua sin mar phobal le deich mbliana anuas nach féidir linn dul siar chuig na laethanta ina gcailltí duine ar ár mbóithre gach lá, agus na céadta duine eile á ngortú go tromchúiseach ag an am céanna. Is gá dúinn dul ar an mbóthar ceart arís agus an treocht seo a aisiompú.

# THÁINIG MÉADÚ 22% AR LÍON NA MBÁSANNA AR BHÓITHRE IN 2013. RUD SUAITEACH, NÍ RAIBH CRIOS SÁBHÁLA Á CHAITHEAMH AG TIOMÁNAÍ AMHÁIN AS GACH CÚIGEAR DÍOBH.

Tíortha a bhfuil na cuntais is fearr ó thaobh sábháilteachta ar bhóithre de, cuireadh cúl orthu san am atá thart. Ach ghlac siad gníomh dá bharr. Na daoine a chailleamar in 2013, agus an méadú leanúnach atá ag teacht ar líon na ngortuithe tromchúiseacha, is gá dóibh ceannairí, gníomhaireachtaí stáit, grúpaí deonacha agus, níos tábhachtaí fós, an pobal a spreagadh chun gnímh. Tá an méid sin tuillte ag na daoine a fuair bás agus ag na daoine a gortaíodh. Is gá dúinn é sin a dhéanamh in urraim do theaghlaigh dhobrónacha na ndaoine sin freisin.

De bharr srianta airgeadais, is oth liom nach bhfuil na hacmhainní a theastaíonn ag Cór Tráchta an Gharda Síochána chun gur féidir leo an jab a dhéanamh chomh maith agus is mian leo. Tá easpa Gardaí ar ár mbóithre agus, chomh luath agus atá an dearcadh bunaithe – agus tá sé bunaithe cheana féin – gur beag an seans a tharlófar ar bhall de na Gardaí timpeall ar an gcéad chasadh nó choirnéal eile, tosóidh daoine ag tiomáint go bogásach agus gan aird ar luasteorainneacha, caitheamh criosanna sábhála, úsáid fón póca agus tiomáint shábháilte i gcoitinne. Tiomáinimid go léir go róghasta – gan eisceacht – agus bíonn ár leibhéil mhífhoighne ag méadú go mór i gcónaí. Feictear an méid sin ar na bóithre gach lá.

Cé gur rud ríthábhachtach é seo, ní bhainfimid a dhath amach má theipeann orainn mar dhaoine aonair freagracht phearsanta agus gníomh pearsanta a ghlacadh. Táimid tar éis éirí bogásach agus is gá dúinn na rudaí bunúsacha a dhéanamh mar is ceart arís. Fágann sé sin gur gá crios sábhála a chaitheamh ar gach turas, is cuma cé chomh gearr agus atá sé. Fágann sé sin gur gá dúinn an méid a d'fhoghlaimíomar mar leanaí faoin mbóthar a thrasnú a chur i ngníomh. Fágann sé sin gur gá do rothaithe taisteal go freagrach agus gur gá do thiománaithe caochspotaí a sheiceáil. Fágann sé sin gur gá dúinn freagracht a ghlacadh chugainn féin as gach a ndéanaimid ar an mbóthar.

Seoladh Straitéis nua Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre anuraidh. Cuimsítear inti an tréimhse idir 2013 agus 2020. Tá 144 gníomh tarrthála liostaithe sa cháipéis. Níl ag éirí léi go fóill. Mar sin, is gá dúinn leanúint ar aghaidh agus bearta na straitéise a chur chun feidhme mar ábhar práinne.

Is mian liom féin agus leis an mbord buíochas a ghabháil leis an Uasal John Caulfield, a ghlac leis an ról mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar bhonn eatramhach tar éis do Noel Brett, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin roimhe sin, imeacht ón Údarás in 2013. Guímid gach rath ar Noel freisin agus gabhaimid buíochas leis as an rannchuidiú a rinne sé le seacht mbliana anuas.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun fáilte a chur roimh Moyagh Murdock, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nua an RSA. Tá an tÚdarás faoi chúram ag an duine ceart agus níl aon amhras orm go leanfaidh an RSA ag cur leis an gcáil atá air sa tír seo agus thar lear agus Moyagh i gceannas air.

**Gay Byrne**
Cathaoirleach

# RÉAMHRÁ

## BUNÚ AN ÚDARÁIS

Comhlacht reachtúil é an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) a cruthaíodh faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Bunaíodh an RSA an 13 Meán Fómhair 2006 le hIonstraim Reachtúil (I.R. Uimhir 477 de 2006).


## ÁR MISEAN

Is é aidhm an RSA saolta a shábháil agus gortuithe a chosc trí líon agus déine na n-imbhuailtí ar an mbóthar a laghdú. Is é atá mar sprioc glactha ag Bord an RSA: 'Oibriú lena Chéile le Saolta a Shábháil'.

## FEIDHMEANNA

Leagtar na feidhmeanna a bhfuil an RSA freagrach astu amach san Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Áirítear leis na feidhmeanna sin: tástáil agus oiliúint tiománaithe, caighdeáin feithiclí agus feidhmeanna áirithe forfheidhmithe, cur chun cinn na sábháilteachta ar bhóithre, oideachas tiománaithe agus taighde ar shábháilteacht ar bhóithre. Tá na feidhmeanna sin leagtha ar na stiúrthóireachtaí seo a leanas:

- Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe
- Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe
- Forfheidhmiú agus Caighdeáin Feithiclí
- Faigheann gach ceann acu tacaíocht ó Sheirbhísí Corparáideacha



# BAILL AN BHOIRD

CHUAIGH TÉARMA CHÉAD BHORD AN ÚDARÁIS IN ÉAG AN 13 MEÁN FÓMHAIR 2011. RINNE AN TAIRE IOMPAIR, TURASÓIREACHTA AGUS SPÓIRT BORD NUA AN ÚDARÁIS A BHUNÚ ÓN 14 MEÁN FÓMHAIR 2011.



**AN TUAS. GAY BYRNE**
CATHAOIRLEACH



**AN TUAS. AARON MacHALE**



**MYRA GARRETT UAS.**



**AN TUAS. RONAN MELVIN**



**ÁINE CORNALLY UAS.**



**AN TUAS. EDDIE ROCK**



**AN DR ÁINE CARROLL**



**AN TUAS. SEAN FINAN**



**AIDEEN CARBERRY UAS.**
A CEAPADH CHUIG BORD AN RSA AN 9 MEÁN FÓMHAIR 2013



**AN TUAS. JOHN MULVIHILL**
A CEAPADH CHUIG BORD AN RSA AN 14 DEIREADH FÓMHAIR 2013

# AN FHOIREANN BHAINISTÍOCHTA FEIDHMIÚCHÁIN



**MOYAGH MURDOCK UAS.**
PRÍOMHFHEIDHMEANNACH*



**AN TUAS. SIMON BUCKLEY**
STIÚRTHÓIR GNÍOMHACH, SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA



**AN TUAS. MICHAEL ROWLAND**
STIÚRTHÓIR, SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE, TAIGHDE AGUS OIDEACHAS TIOMÁNAITHE



**DENISE BARRY UAS.**
STIÚRTHÓIR, FORFHEIDHMIÚ AGUS CAIGHDEÁIN FEITHICLÍ



**AN TUAS. DECLAN NAUGHTON**
STIÚRTHÓIR, TÁSTÁIL TIOMÁNAITHE AGUS DEARADH



* CEAPADH MOYAGH MAR PHRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN AN 17 FEABHRA 2014. THÁINIG SÍ I GCOMHARBACHT AR JOHN CAULFIELD, PRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN EATRAMHACH A GHNÍOMHAIGH MAR PHRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN TAR ÉIS DO NOEL BRETT IMEACHT ÓN ÚDARÁS AN 3 DEIREADH FÓMHAIR 2013.

# ATHBHREITHNIÚ AR SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 2013


Cailleadh 190 duine in imbhuailtí ar bhóithre in 2013; méadú 28 duine nó 17.3% i gcomparáid le 2012 nuair a fuair 162 duine bás. Is ionann é sin agus laghdú 59.8% ar bhásanna ar bhóithre i gcomparáid le 1997* nuair a maraíodh 472 duine ar bhóithre na hÉireann. Mar mheán míosúil, maraíodh 16 dhuine in aghaidh na míosa in 2013.





Ba é bunchuspóir Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013 — 2020 básanna ar bhóithre a laghdú go 25 bás ar a mhéad in aghaidh gach milliúin den daonra faoi dheireadh na bliana 2020. Is ionann é sin agus meánlíon de 10 mbás ar bhóithre in aghaidh na míosa nó 124 bás in aghaidh na bliana.

**190**
duine a bhásaigh in imbhuailtí ar bhóithre in 2013, **méadú 28 duine nó 17.3%** i gcomparáid le 2012.

**2007–2013 Básanna ar Bhóithre de réir Cineál Úsáideoir Bóithre**



## Comhthéacs Sábháilteachta ar Bhóithre na hÉireann, 1959-2013





## Modh Iompair na mBásanna ar Bhóithre 2002-2013

| Cineál Úsáideoir Bóithre | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| COISITHE | 86 | 64 | 70 | 74 | 73 | 81 | 49 | 40 | 44 | 47 | 29 | 31 |
| ÚSÁIDEOIRÍ ROTHAR | 18 | 11 | 11 | 10 | 9 | 15 | 13 | 7 | 5 | 9 | 8 | 5 |
| ÚSÁIDEOIRÍ GLUAISROTHAR | 44 | 55 | 50 | 56 | 29 | 33 | 29 | 25 | 17 | 18 | 19 | 27 |
| ÚSÁIDEOIRÍ CARRANNA | 200 | 172 | 208 | 222 | 226 | 171 | 160 | 146 | 130 | 95 | 89 | 113 |
| ÚSÁIDEOIRÍ PSV | 1 | 0 | 0 | 6 | 3 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 0 |
| ÚSÁIDEOIRÍ FEITHICLÍ EARRAÍ | 20 | 27 | 25 | 22 | 18 | 32 | 20 | 17 | 10 | 17 | 12 | 10 |
| ÚSÁIDEOIRÍ EILE | 7 | 6 | 10 | 6 | 7 | 5 | 8 | 2 | 5 | 0 | 4 | 4 |
| **Iomlán** | **376** | **335** | **374** | **396** | **365** | **338** | **279** | **238** | **212** | **186** | **162** | **190** |

COISITHE ÚSÁIDEOIRÍ ROTHAR ÚSÁIDEOIRÍ GLUAISROTHAR ÚSÁIDEOIRÍ CARRANNA ÚSÁIDEOIRÍ PSV ÚSÁIDEOIRÍ FEITHICLÍ EARRAÍ ÚSÁIDEOIRÍ EILE


# SEASAMH NA HÉIREANN MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE I GCOMPARÁID LE TÍORTHA EILE

## Bhí Éire ar cheann de na tíortha ba mhó feabhas san Eoraip ó thaobh laghdú ar líon na mbásanna ar bhóithre de idir 2001 agus 2012.





D’ainneoin an fheabhsaithe sin, d’fhéadfaí i bhfad eile a dhéanamh, go háirithe i gcomparáid le tíortha eile (féach rangú básanna in aghaidh an mhilliúin 2012 1). Tá figiúirí na hÉireann fós níos measa ná figiúirí na hÍsiltíre, na Ríochta Aontaithe agus na Sualainne. Is é an chiall atá le baint as sin ná go bhfuil neart le déanamh fós chun sábháilteacht ar bhóithre na hÉireann a fheabhsú agus léiríonn an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas gur féidir dul chun cinn eile a dhéanamh, má bhíonn beartais agus bearta éifeachtacha i bhfeidhm agus má thacaítear leo.

Rangú Básanna in aghaidh an mhilliúin 2012



Sástacht leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre




# STRAITÉIS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 2007-2012

Ba é an aidhm a bhí le tríú Straitéis na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre ná cur leis an dul chun cinn agus leis an tuiscint a baineadh amach leis an gcéad dá straitéis (1998-2002 agus 2004-2006) ar mhaithe le feabhas radacach – agus inbhuanaithe – a fheiceáil ar shábháilteacht ar bhóithre na hÉireann. Baineadh leas sa Straitéis as léargas agus as taithí na dtíortha ina mbíonn an dea-chleachtas sábháilteachta ar bhóithre á gcur chun feidhme – an Ísiltír, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe, an Iorua agus an Fhrainc ina measc. Chuir an Nua-Shéalainn, Stát Victoria agus Stát Queensland san Astráil, agus roinnt stát i Stáit Aontaithe Mheiriceá go mór leis an Straitéis freisin.

Ba sa bhliain 2009 a comhlíonadh an phríomhsprioc a leagadh síos don Straitéis do 2007—2012 – ba é sin, líon na mbásanna ar bhóithre a laghdú go 60 duine nó níos lú in aghaidh an mhilliúin den daonra faoin mbliain 2012 – agus baineadh dul chun cinn dearfach eile amach ó shin i leith. Laghdaíodh líon na mbásanna ar bhóithre trí 126 gníomh láidir, iad leagtha amach faoi cheannteidil an oideachais, na hinnealtóireachta agus an fhorfheidhmithe, trí athruithe suntasacha reachtaíochta ar thástáil i gcomhair alcóil, ar thástáil feithiclí agus ar smachtbhannaí i leith cionta bóithre agus feithiclí, agus trí chuid mhaith den mhórghréasán bóithre idiruirbeacha a fhorbairt agus a uasghrádú.

Mar thoradh ar na hidirghabhálacha agus ar na spriocanna éagsúla sábháilteachta ar bhóithre a leagadh amach sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre don tréimhse 2007 — 2012, mar aon le toradh cultúr sábháilteachta ar bhóithre atá ag dul ó neart go neart, tréimhse rathúil in Éirinn ó thaobh sábháilteachta ar bhóithre de is ea seo. Laghdaigh líon na mbásanna agus na ngortuithe ar ráta is inchomparáide leis na tíortha eile is fearr feidhmíocht san AE. Tá feabhas suntasach tagtha ar chomhlíonadh i measc úsáideoirí bóithre i ndáil leis na príomhchúiseanna le himbhualadh, amhail caitheamh criosanna sábhála, tiomáint róghasta ar bhóithre áirithe agus cionta a bhaineann le halcól. Beag beann ar an laghdú foriomlán ar líon na mbásanna ar bhóithre, áfach, tá gá le díriú ar úsáideoirí leochaileacha bóithre agus ar chúiseanna in áiteanna ina bhfuil leibhéil ísle chomhlíonta agus díreofar go mór orthu siúd i Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013 — 2020.

# AN CEATHRÚ STRAITÉIS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 2013–2020

Tá freagracht ar an RSA as maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Straitéis nua an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre, rud ar a dtugtar "An Bhearna a Dhúnadh 2013 – 2020". Is é sin ceathrú straitéis na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre.

## An Bhearna a Dhúnadh

Rinneadh straitéis nua na hÉireann um shábháilteacht ar bhóithre "An Bhearna a Dhúnadh" a sheoladh ag comhdháil idirnáisiúnta um shábháilteacht ar bhóithre a d'óstáil an RSA Déardaoin an 28 Márta 2013.

Is é atá i gceist le "An Bhearna a Dhúnadh" ná bóithre na hÉireann a dhéanamh chomh sábháilte leis na tíortha is fearr feidhmíocht ar domhan, go háirithe an Ríocht Aontaithe, an Ísiltír agus an tSualainn. Chun é sin a bhaint amach, is gá d'Éirinn líon na mbásanna ar bhóithre a laghdú go 124 bás agus gortuithe tromchúiseacha a laghdú faoi 30% ar a laghad faoin mbliain 2020.

Tá 144 gníomh sa Straitéis nua, iad leagtha amach faoi na 3 phríomhréimse idirghabhála – Oideachas, Innealtóireacht agus Forfheidhmiú.

## Feidhmíocht Sábháilteachta in 2012

Fuair 162 duine bás ar bhóithre in 2012. Ba é sin an líon ba lú básanna a taifeadadh ón mbliain 1959.

Is éacht suntasach é sin nuair a chuirtear san áireamh gur mhéadaigh an daonra faoi 19%, gur mhéadaigh líon na mótarfheithiclí cláraithe faoi 37%, gur mhéadaigh líon na sealbhóirí ceadúnas tiomána (ceadúnais iomlána agus ceadúnais shealadacha) faoi 31% agus gur mhéadaigh ídiú breosla do gach cineál iompair ar bhóithre faoi 6% ón mbliain 2001 ar aghaidh. I gcodarsnacht leis an méid sin ar fad, laghdaigh líon na mbásanna ar bhóithre faoi 55% in 2011.

## Monatóireacht

Is é an Coiste Aireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre a dhéanfaidh maoirseacht ar chur chun feidhme na straitéise nua. Tiocfaidh an Coiste sin le chéile ar bhonn bliantúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na Straitéise agus beidh sé faoi chathaoirleacht an Uas. Leo Varadkar TD, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, in éineacht le hionadaithe ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ón Roinn Comhshaoil agus ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, mar aon le Coimisinéir an Gharda Síochána, an tArd-Aighne agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an RSA.

EAN

**Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT 2013**

Ciara Murphy ó Choláiste Choilm, Co. Chorcaí, an tUas. Michael Rowland, Stiúrthóir, Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe, agus Niall Kennedy, Coláiste Choilm, Co. Chorcaí. Bhuaigh Niall agus Ciara an dámhachtain mar gheall ar a dtionscadal: *"Imscrúdú a dhéanamh ar an difear a dhéantar d'agaí frithghníomhúcháin nuair a úsáideann duine trealamh fóin lámhshaor agus é ag tiomáint".*



FEABH



**Foilsiú an Chreata Náisiúnta Nua um Leigheas Trácht in Éirinn, Feidhmiúlacht Leighis chun Tiomána**

**Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann (RCPI), an 22 Feabhra**

MÁR

**Seatbelt Sheriff, Páirc an Chrócaigh, an 21 Márta**



**Comhdháil um Ghortuithe Tromchúiseacha Sábháilteacht Iompair ar Bhóithre de chuid Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, Caisleán Bhaile Átha Cliath, an 28 Márta**



**Seoladh cheathrú straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre ag an gComhdháil de chuid Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, Caisleán Bhaile Átha Cliath, an 28 Márta**



AIB



**An Feachtas um Shábháilteacht ag Crosairí Iarnróid, Bóthar Lansdún, an 8 Aibreán**

BEALT

**An leabhrán 'Learning to Drive', a dáileadh leis an Irish Independent agus leis an Sunday Independent an 5 agus an 6 Bealtaine**



**An Oibríocht 'Moilligh do Luas', Ceanncheathrú an Gharda Síochána, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath, an 31 Bealtaine**



MEITH




**Seoladh an Leabhráin do Thurasóirí, Páirc an Fhionnuisce, an 4 Meitheamh**



**Comhdháil Euro Contrôle Route (ECR) ar "Forfheidhmiú Éifeachtach Éifeachtúil nuair atá Géarchéim Airgeadais i Réim", an tOspidéal Ríoga, Cill Mhaighneann, an 18 Meitheamh**



**Comhdháil Pin ETSC, an 27 Meitheamh**

## IÚIL

Seimineáir 'Tiománt don Obair', Port Laoise, Gaillimh agus Baile Átha Cliath



## LÚN

An Tointeálaí Idirghníomhach um Shábháilteacht ar Bhóithre ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta




## M. FÓMH

## D. FÓMH



Léacht Acadúil, Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann, an 7 Deireadh Fómhair



Lá 'Bíp Bíp', Naíolann Fhearchair, an 11 Deireadh Fómhair



Tá sé in am na cloig a chur siar, an 25 Deireadh Fómhair

## SAMH


Keep Drama off the Road, Féile Scannán Chorcaí, an 15 Samhain



Lá Domhanda Cuimhneacháin, Páirc an Fhionnuisce, an 14 Samhain



Athbhreithniú Nua an Rialtais ar Luasteorainneacha, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Sráid Líosain, an 21 Samhain



## NOLL



Seoladh Fheachtas na Nollag, an Biúró um Fheidhmiúlacht Leighis, UCD, an 4 Nollaig



Soilse Stiúrtha, Teach Farmleigh, an 11 Nollaig



Bí Sábháilte, Bí le Feiceáil, Lá Náisiúnta na nÉadaí Sofheicthe, Farmleigh, an 20 Nollaig



# TÁSTÁIL AGUS CEADÚNÚ TIOMÁNAITHE

Tá an Stiúrthóireacht um Thástáil agus Ceadúnú Tiománaithe freagrach as an gcóras um thástáil tiománaithe agus as bainistiú an chórais um cheadúnú tiománaithe. Is é cuspóir na Stiúrthóireachta ná a chinntiú go mbíonn na bóithre níos sábháilte do chách de bharr na slí a bhfoghlaimíonn tiománaithe conas tiomáint agus de bharr na rialacha tiomána a leanann siad.


Tá an Stiúrthóireacht freagrach as na tascanna áirithe seo:

- An tseirbhís um thástáil tiománaithe a sholáthar
- Freagracht as an tseirbhís um cheadúnú tiomána
- Soláthar na seirbhíse um Thástáil Teoirice Tiomána a bhainistiú;
- Córas na bpointí pionóis a bhainistiú
- An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána (NDLS) a bhainistiú




# AN TSEIRBHÍS UM THÁSTÁIL TIOMÁNAITHE 2013


Is é cuspóir na seirbhíse um thástáil tiománaithe tástáil tiomána a sholáthar atá cothrom agus éifeachtach de réir Threoir an AE agus reachtaíocht náisiúnta. Cuirtear na tástálacha ar fáil ó 48 ionad ar fud na tíre. Tá an RSA tiomanta do mheánam náisiúnta feithimh 10 seachtaine a choinneáil do chustaiméirí agus baineadh é sin amach i gcaitheamh na bliana 2013. Sa bhliain 2013, ba é 8.3 seachtain an meánam náisiúnta feithimh.





## Toradh na dTástálacha Tiomána Eanáir go Nollaig 2013



**Torthaí na dTástálacha Tiomána de chuid iarrthóirí a rinne Ceachtanna Oiliúna Riachtanaí do Thiománaithe (EDT).**




**Tástálacha tiomána de réir Inscne 2013**




# An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána (NDLS)

Is í an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána, nó NDLS, atá á bainistiú ag an RSA, an tseirbhís nua thiomnaithe a fhaigheann agus a phróiseálann iarratais ar cheadanna foghlaimeora agus ar cheadúnais tiomána ar fud na tíre. Ní hé amháin gur ceadúnais níos nua-aimseartha a aithnítear ar fud an AE iad, níl na ceadúnais nua chomh soghabhálach i leith calaoise i gcomparáid leo siúd a bhí ann roimhe agus, dá bharr sin, is uirlis thábhachtach sábháilteachta ar bhóithre iad maidir le daoine a thiomáineann feithicil go neamhdhleathach a choinneáil den bhóthar.

I mí Eanáir 2013, d'aistrigh Éire ó cheadúnais pháipéir a chur ar fáil go ceadúnais phlaisteacha agus ceadanna plaisteacha foghlaimeora a chur ar fáil. Ba é an t-aistriú ó chártaí páipéir go cártaí plaisteacha an chéad chuid den fhreagracht as ceadúnais tiomána a aistriú ó Oifigí Mótarchánach na nÚdarás Áitiúil go dtí an NDLS.

Ghlac an NDLS go hoifigiúil leis an bhfreagracht as glacadh le hiarratais ar cheadúnais agus as iad a phróiseáil ó Oifigí Mótarchánach an **29 Deireadh Fómhair 2013**.

Is trí ghréasán ionaid an NDLS ar fud na tíre a chuirtear an tseirbhís nua ar fáil anois. Agus ionad amháin ar a laghad lonnaithe i ngach contae, roghnaíodh láithreacha na n-ionad chun a chinntiú go mbeadh 95% den daonra lonnaithe laistigh de 50km ó ionad.

Den chéad uair riamh, is féidir le custaiméirí cuairt a thabhairt ar cheann ar bith de na hionaid ar fud na tíre chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas nó ar chead foghlaimeora; níl daoine teoranta a thuilleadh don tseirbhís ina gcontae féin.

Bíonn oifigí nua NDLS ar oscailt ar amanna níos solúbtha agus níos áisiúla, lena n-áirítear le linn am lóin agus ag an deireadh seachtaine, chun gur féidir leo freastal ar chustaiméirí nach mbíonn in ann iarratas a dhéanamh ar cheadúnas le linn gnáthuaireanta oibre.

Mar chuid de phróiseas iarratas nua agus níos sábháilte, ceanglaítear ar chustaiméirí anois cuairt a thabhairt ar ionad NDLS iad féin chun a n-aitheantas a dheimhniú. Tá an t-iarratas 'aghaidh ar aghaidh' seo mar chuid de phróiseas nua slándála a chabhróidh le slándáil a mhéadú, le calaois a chomhrac agus le tiománaithe neamhcheadúnaithe a choinneáil den bhóthar.

Mar gheall ar fhadhbanna tosaigh a bhí ann nuair a osclaíodh seirbhís nua an NDLS le haghaidh gnó, agus mar gheall ar éileamh ar cheadúnais tiomána a bheith níos airde ná an meán, bhí moilleanna fada ar theacht i bhfeidhm ionad áirithe.

Mar thoradh air sin, bhí moill idir ceithre seachtaine agus sé seachtaine ar fad ar iarratais ar cheadúnais tiomána a phróiseáil. Mar sin féin, ghníomhaigh an tÚdarás go gasta chun dul i ngleic leis sin agus mhéadaigh sé na hacmhainní, pearsanra agus trealamh san áireamh, agus an tacaíocht chúloifige a bhí ar fáil do na hionaid faoi 20% faoi dheireadh mhí na Nollag. Cuireadh béim ar ionaid ina mbíonn éileamh ní b'airde ar sheirbhísí ceadúnaithe le linn buaicamanna.


Mar chuid den tiomantas atá againn an t-am a bhíonn ar chustaiméirí fanacht ag oifigí nua an NDLS ar fud na tíre a laghdú, thug an RSA córas nua áirithinte ar líne isteach chun an tseirbhís siúil isteach a chomhlánú i ngach ionad NDLS. Tá sé beartaithe dhá ionad nua a bhunú i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath in 2014. Comhlíonadh agus sáraíodh an tiomantas ama próiseála faoi mhí an Mhárta 2014, ba é sin, iarratais a phróiseáil laistigh de 8 lá.

**431,462**

Líon iomlán na gceadúnas cárta phlaistigh a eisíodh ón 12 Eanáir go dtí an 28 Deireadh Fómhair


**70,690**


Líon iomlán na gceadúnas cárta phlaistigh a eisíodh ón 29 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig






## Ceadúnais Tiomána Reatha de réir cineáil amhail an 31 Deireadh Fómhair 2013.



## Tástáil Teoirice Tiománа

dtt RSA
Tástáil Teoirice Tiomána
Driver Theory Test

**100,352**

Líon na dTástálacha Teoirice Tiomána a rinneadh in 2013.

**77%**

An pasráta don Tástáil Teoirice Tiomána 2013.

## An Clár Náisiúnta um Leigheas Tráchta

Comhthionscnamh idir an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) agus Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann (RCPI) is ea an Clár Náisiúnta um Leigheas Tráchta.

Sa bhliain 2013, seoladh na Treoirlínte nua um Fheidhmiúlacht Leighis chun Tiomána, *Sláinte agus Tiomáint*, do thiománaithe carranna agus do ghluaisrothaithe (ar a dtugtar sealbhóirí ceadúnas Ghrúpa 1) ar mhaithe le creat náisiúnta a chur ar fáil maidir le caighdeáin i leigheas tráchta in Éirinn. Ó thaobh an tiománaí de, gné ríthábhachtach de shábháilteacht is ea tuiscint a bheith aige ar an dóigh a bhféadfadh gortú, galar nó cógais áirithe dul i bhfeidhm ar an tiomáint. Is é bunchuspóir na dTreoirlínte ná tiomáint shábháilte a chothú agus a fhadú trí thacaíocht a thabhairt do chleachtóirí leighis agus do thiománaithe cinneadh a dhéanamh ar an bhfeidhmiúlacht leighis atá acu chun tiomána.



# Miondealú ar Phointí Pionóis de réir Cineáil amhail an 31 Nollaig 2013

| CUR SÍOS AR AN GCION | Líon na bhFógraí a Eisíodh |
|---|---|
| 22-35mg d'alcól in aghaidh 100ml san anáil | 738 |
| 50-80mg d'alcól in aghaidh 100ml san fhuil | 130 |
| 67-107mg d'alcól in aghaidh 100ml san fhual | 104 |
| Mainneachtain de chuid Duine Fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil M1 | 6,413 |
| Mainneachtain de chuid Duine Fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil M2 | 103 |
| Mainneachtain de chuid Duine Fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil M3 | 40 |
| Mainneachtain de chuid Duine Fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil N1 | 676 |
| Mainneachtain de chuid Duine Fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil N2 | 162 |
| Mainneachtain de chuid Duine Fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil N3 | 214 |
| Sárú dualgas tráth timpiste | 1,812 |
| Sárú na rialach i leith tiomáint sa lána amuigh ar mhótarbhealach | 712 |
| Tiomáint Neamh-Aireach | 5,841 |
| Sárú ceanglas ag acomhail | 20 |
| Sárú ceanglas i leith cúlú | 63 |
| Trasnú líne báine leanúnaí/líne báine briste | 8,919 |
| Tiomáint Chontúirteach Anuas go Tiomáint Neamh-Aireach | 3,160 |
| Tiomáint in aghaidh rith an tráchta ar mhótarbhealach | 92 |
| Tiomáint ar ghualainn chrua/ar bhóthar nach carrbhealach é - mótarbhealach | 551 |
| An tUaslucht Sáraithe ag an Tiománaí (Úinéir) | 70 |
| An tUasmheáchan Sáraithe ag an Tiománaí (Úinéir) | 8 |
| An tOllmheáchan Ceaptha Feithicle Sáraithe ag an Tiománaí | 44 |
| An tUasmheáchan Sáraithe ag an Tiománaí | 37 |
| An tUasmheáchan Neamhluchtaithe Sáraithe ag an Tiománaí | 1 |
| Mainneachtain de chuid an Tiománaí a chinntiú go bhfuil Paisinéir faoi bhun 17 mbliana ag caitheamh Crios Sábhála | 543 |
| Mainneachtain de chuid an Tiománaí Leanbh os cionn 3 bliana a chur i Srian Sábháilteachta Linbh | 701 |
| Mainneachtain de chuid an Tiománaí Leanbh faoi bhun 3 bliana a chur i Srian Sábháilteachta Linbh | 413 |
| An tOllmheáchan Ceaptha Feithicle Sáraithe ag an Tiománaí/Úinéir | 5 |
| Níos mó ná an tUaslucht Tras-Seolta ag an Tiománaí/Úinéir | 3 |
| Tiomáint feithicle nuair nach bhfuil tú feidhmiúil | 5 |
| Tiomáint feithicle agus fón póca i do láimh | 100,453 |
| Tiomáint feadh/trasna lárstráice | 791 |
| Tiomáint feithicle atá faoi locht contúirteach | 112 |
| Tiomáint ar/trasna raon rothar | 50 |
| Tiomáint ar chosán/trasna cosáin | 167 |
| Tiomáint feithicle sula leigheastar locht | 3 |
| Tiomáint gan aird chuí | 15,785 |
| Tiomáint i limistéar greanta marcáilte | 2,946 |
| Gan gníomhú de réir chomhartha na nGardaí | 22 |
| Mainneachtain cloí le comharthaí Fan ar Dheis/Fan ar Chlé | 65 |
| Mainneachtain cloí le comharthaí tráchta sainordaitheacha | 466 |
| Mainneachtain cloí le comhartha Cosc ar Iontráil | 642 |
| Mainneachtain cloí le comharthaí tráchta coiscthe | 8,378 |
| Mainneachtain cloí le marcálacha ar lánaí tráchta | 1,421 |
| Mainneachtain Mala Air Linbh a Dhíghníomhachtú agus an fheithicil in úsáid | 4 |
| Mainneachtain tiomáint ar thaobh na láimhe clé | 373 |
| Mainneachtain cloí le rialacha ag crosaire comhréidh iarnróid | 11 |
| Mainneachtain cloí le soilse tráchta | 20,420 |
| Mainneachtain stopadh roimh chomhartha stop/líne stop | 1,048 |
| Mainneachtain stopadh do na Gardaí | 771 |
| Mainneachtain stopadh do chomhartha maor scoile | 26 |
| Mainneachtain casadh ar chlé ar thimpeallán | 61 |
| Mainneachtain slí a ghéilleadh | 427 |
| Mainneachtain slí a ghéilleadh ag comhartha/líne | 381 |
| Oibleagáid ghinearálta luais – stopadh ag fad infheicthe | 37 |
| Gan deimhniú ródacmhainneachta a bheith ag an úsáideoir | 1,167 |
| Gan srian sábháilteachta linbh sa suíochán tosaigh – leanbh | 820 |
| Gan srian sábháilteachta linbh sa suíochán cúil – leanbh | 1,838 |
| Gan árachas - (úsáideoir) | 23,531 |
| Gan crios sábhála - tiománaí | 38,492 |
| Gan crios sábhála sa suíochán tosaigh - leanbh | 1,172 |
| Gan crios sábhála sa suíochán cúil - leanbh | 2,881 |
| Cion a bhaineann le Scoitheadh | 2,646 |
| Feithicil a pháirceáil in ionad contúirteach | 41 |
| Anuas go Tiomáint gan aird chuí | 593 |
| Tiomáint róghasta | 748,532 |
| Droichead a thuairteáil le feithicil | 4 |
| Úsáid feithicle gan deimhniú NCT | 7,813 |
| IOMLÁN | 1,015,970 |



# SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE, TAIGHDE AGUS OIDEACHAS TIOMÁNAITHE


Comhcheanglaítear sa Stiúrthóireacht um Shábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe na róil thábhachtacha maidir le feasacht, oideachas agus taighde a spreagadh le heolas agus leis na scileanna cuí a chur ar úsáideoirí bóithre agus iad ag fás aníos. Cuidíonn agus oibríonn an Stiúrthóireacht leis na páirtithe leasmhara uile atá cláraithe don Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013 go 2020 le deimhin a dhéanamh gur féidir na gníomhartha a shonraítear sa straitéis a bhaint amach.

# FÓGRAÍOCHT

## Feachtais Feasachta ar Shábháilteacht ar Bhóithre

Sa bhliain 2013, reáchtáil an RSA roinnt feachtais ardphróifíle arbh é ab aidhm dóibh díriú ar na príomhchúiseanna le himbhuailtí ar bhóithre agus ar na daoine atá i mbaol imbhuailtí ar bhóithre. Comhtháthaíodh na feachtais le plean póilíneachta an Gharda Síochána.

Áiríodh iad seo a leanas leis na príomhfheachtais a reáchtáladh in 2013:



**Ean** — **SAOLTA BUAILTE**
Scór Feasachta **89%**




**Feabh** — **COISITHE AR MEISCE**
Scór Feasachta **89%**




**Bealt** — **ROTHAÍOCHT**
Scór Feasachta **88%**



**Meith** — **CEAMARAÍ SÁBHÁILTEACHTA**
Scór Feasachta **89%**



**Iúil** — **FRITHCHANNABAS**
Scór Feasachta **83%**



**Lún** — **FÓIN PHÓCA**
Scór Feasachta **85%**



**Noll** — **COISITHE AR MEISCE**
Scór Feasachta **89%**




**Noll** — **COMHARTHAÍ AGUS MARCÁLACHA BÓTHAIR**
Scór Feasachta **88%**

## Tionchar Fógraíochta / Athrú Iompraíochta

I dtaighde neamhspleách arna dhéanamh ag Behaviour and Attitudes, tacaítear leis an gcumas atá ag feachtais tionchar dearfach a imirt ar athrú iompraíochta.


**Ceamaraí sábháilteachta – Ráitis dearcaidh**
Bonn: Gach tiománaí ag a bhfuil ceadúnas iomlán.





## Sábháilteacht ar Bhóithre – Na tosca is mó tionchar

| | TIONCHAR MÓR | TIONCHAR MEASARTHA | GAN TIONCHAR AR BITH |
|---|---|---|---|
| Forfheidhmiú an Gharda Síochána | 41% | 41% | 18% |
| Pionós sa chúirt | 40% | 38% | 22% |
| Dlíthe tráchta ar bhóithre | 38% | 48% | 14% |
| Fógraí sábháilteachta ar bhóithre ar an teilifís | 35% | 54% | 11% |
| Tuairisciú nuachta | 35% | 51% | 14% |
| Dearadh agus gnéithe carranna | 32% | 48% | 20% |
| Innealtóireacht bóithre | 31% | 47% | 22% |
| Oideachas i scoileanna | 21% | 52% | 27% |

# Gníomhaíocht sna Meáin – Fógraíocht 2013



# TAIGHDE AR SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Reáchtálann an Roinn Taighde san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre clár oibre a shainítear sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007-2012. Déanann an Roinn teagmháil chomh maith le Biúró Náisiúnta Bheartas Tráchta an Gharda Síochána, leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta, le Bord Ríomheolaíochta an Rialtais Áitiúil agus le heagraíochtaí eile ar ghnéithe a bhaineann le gníomhaíochtaí taighde um shábháilteacht ar bhóithre.

**20%** céatadán na dtiománaithe carranna a **sháraigh an luasteorainn** ar bhóithre tuaithe.

# GNÍOMHAÍOCHT TAIGHDE 2013

## BUNACHAR SONRAÍ IMBHUAILTÍ AR BHÓITHRE

Cuirtear eolas imbhuailte a ghineann baill an Gharda Síochána ar aghaidh chuig an Roinn Taighde san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i gcomhair anailíse agus foilsiú. Déantar léarscáiliú agus anailísiú ar an eolas imbhuailte sa Roinn. Foilsíonn an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre torthaí na hanailíse ina Leabhar Fírice um Imbhuailtí ar Bhóithre go bliantúil.

**29%** céatadán na dtiománaithe carranna a aimsíodh agus an luasteorainn á sárú acu faoi 10km/uair nó níos mó ar bhóithre uirbeacha.

# SUIRBHÉ SAORLUAIS

Rinne an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre an Suirbhé Saorluais Bliantúil in 2012 agus foilsíodh é in 2013. Breathnaíodh 12,557 carr, 1,284 feithicil altach, 2,500 feithicil dhocht agus 576 bus aon stóir san iomlán.

**3/5** líon na dtiománaithe a sháraigh an luasteorainn a leagadh amach i gceantair uirbeacha.

# SUIRBHÉ MAIDIR LE CAITHEAMH CRIOS SÁBHÁLA


In 2012, rinne an RSA suirbhé náisiúnta breathnóireachta ar chaitheamh crios sábhála a foilsíodh in 2013.

**92%** céatadán na ndaoine fásta (tiománaithe, paisinéirí tosaigh agus paisinéirí cúil) a taifeadadh agus crios sábhála á chaitheamh acu.

**93%** céatadán na dtiománaithe a breathnaíodh agus crios sábhála á chaitheamh acu, laghdú de phointe céatadánach amháin ar na rátaí do 2011.

**93%** an ráta caitheamh crios sábhála i measc daltaí meánscoile, díreach mar an gcéanna leis an ráta do 2011

Céatadán na ndaoine fásta (tiománaithe, paisinéirí tosaigh agus paisinéirí cúil) a bhfuil **crios sábhála** á chaitheamh acu ó 1991.



# SUIRBHÉ MAIDIR LE HÚSÁID FÓN PÓCA LE LINN TIOMÁINT 2012

In 2012, rinne an RSA suirbhé náisiúnta breathnóireachta ar úsáid fón póca.

**Fuarthas amach sa Suirbhé:**

1. Breathnaíodh 5% de thiománaithe agus fón póca boise á úsáid acu agus iad ag tiomáint
2. Mná a bhí i 4% díobh
3. Fir a bhí i 5% díobh

**5%**
céatadán na dtiománaithe a breathnaíodh agus fón póca boise á úsáid acu agus iad ag **tiomáint**

# SUIRBHÉ AR MHEONTA AGUS AR IOMPRAÍOCHT TIOMÁNAITHE 2013

Rinne an RSA Suirbhé ar Mheonta agus ar Iompraíocht Tiománaithe in 2013.

Tugtar breac-chuntas thíos ar achoimre na dtorthaí:

- Tá aontú leathan ann maidir leis an ngá atá le tuilleadh ceamaraí sábháilteachta; mar sin féin, bhí laghdú beag ar chéatadán na dtiománaithe a d'admhaigh gur thiomáin siad go róthapa ar chineálacha áirithe bóithre ó 2012
- Tá cásanna a bhaineann le tiomáint faoi thionchar óil ag laghdú go fóill, cé go bhfuil an figiúr fós ró-ard;

**Mar sin féin, tá réimsí áirithe ann ina bhfuil leibhéil ísle chomhlíonta i measc gluaisteánaithe Éireannacha, go háirithe na réimsí seo a leanas;**


- Admhaíonn níos mó ná leathchuid den daonra gur thiomáin siad go róghasta tráth;
- Níl féinmhuinín ag céatadán suntasach de thiománaithe as an gcumas atá acu a mheas cé acu atá nó nach bhfuil siad sábháilte le tiomáint bunaithe ar an méid alcóil a d'ól siad an oíche roimhe
- Tá úsáid fón póca fós ina fadhb, agus úsáideann níos mó ná leathchuid de thiománaithe iad ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile. D'fhéadfadh go mbeifí in ann an dearcadh sin a athrú tuilleadh dá gcuirfí béim ní ba mhó ar fhorfheidhmiú pointí pionóis.
- Toisc bhaoil i gcás tiománaí amháin as gach deichniúr is ea tuirse, titim ina gcodladh agus iad ag tiomáint ach go háirithe

# SUIRBHÉ BREATHNÓIREACHTA AR CHAITHEAMH ÉADAÍ SOFHEICTHE AGUS CLOGAD (GLUAISROTHAITHE AGUS ROTHAITHE) 2013

In 2013, rinne an RSA suirbhé náisiúnta breathnóireachta ar chaitheamh éadaí sofheicthe.

**44%** céatadán na ngluaisrothaithe a raibh éadaí sofheicthe á gcaitheamh acu

**98%** céatadán na ngluaisrothaithe a raibh clogad á chaitheamh acu



**5%**
céatadán na rothaithe a bhí páirteach i **Scéim Rothar Bhaile Átha Cliath** a raibh éadaí sofheicthe á gcaitheamh acu

**7%**
céatadán na rothaithe a bhí páirteach i **Scéim Rothar Bhaile Átha Cliath** a raibh clogad á chaitheamh acu



**48%** céatadán na rothaithe a raibh éadaí sofheicthe á gcaitheamh acu

céatadán na rothaithe a raibh clogad á chaitheamh acu **52%**



## Leabharlann

Tá leabharlann taighde bunaithe ag an Roinn Taighde ag ceanncheathrú an RSA i mBéal an Átha. Tá an leabharlann anois ina hacmhainn shuntasach faisnéise i ngach gné de shábháilteacht ar bhóithre.

## Sparánachtaí

Thar ceann an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, tá ocht staidéar PhD san iomlán á maoiniú ag an Roinn Taighde. Coimisiúnaíodh dhá cheann díobh in 2011, ceithre cinn díobh in 2010 agus dhá cheann díobh in 2009.

| | TOPAIC | INSTITIÚID | MAOIRSEOIR |
|---|---|---|---|
| Tosaithe in 2009 | Foghlaim faoi chontúirtí tiomána: ó ghuaiseacha a bhrath go guaiseacha a láimhseáil | Scoil na Síceolaíochta Feidhmí, Coláiste na hOllscoile Corcaigh | An tOllamh John A. Groeger |
| | Idirghabhálacha sábháilteachta ar bhóithre a mheas: an ról a imríonn tosca neasacha agus tosca aimhneasacha i gcomhshamhlú difreálach eolais, scileanna agus meonta atá dírithe ar shábháilteacht i measc ógánach | Scoil na Síceolaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | An Dr Michael Gormley agus an Dr Kevin Thomas |
| Tosaithe in 2010 | Feidhmiúlacht chun tiomána tar éis neamhord néareolaíoch: measúnú comhtháite ar thiomáint den bhóthar, ar thiomáint ionsamhlaithe agus ar thiomáint ar an mbóthar | Scoil na Síceolaíochta Feidhmí, Coláiste na hOllscoile Corcaigh | An tOllamh John A. Groeger |
| | Anailís ar imbhuailtí feithiclí dhá roth lena mbaineann gortú cloiginn agus athchruthú na n-imbhuailtí sin | Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla, Coláiste na nEolaíochtaí Innealtóireachta, Matamaiticiúla agus Fisiciúla, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | An tOllamh Michael D. Gilchrist |
| | Próifíl shíceolaíoch na dtiománaithe fireanna óga nach dtéann feachtais sábháilteachta ar bhóithre i bhfeidhm orthu a chinneadh agus na cineálacha teachtaireachtaí a laghdóidh an dóchúlacht go nglacfaidh an cineál tiománaí sin rioscaí agus iad ag tiomáint a shainaithint | Scoil na Síceolaíochta, OÉ Gaillimh | An Dr Kiran Sarma |
| | Togra maidir le hIonad Staidrimh Náisiúnta a fhorbairt do Ghortuithe Trámacha Inchinne agus Chorda an Dromlaigh | An tOspidéal Náisiúnta Athshlánúcháin | An Dr Áine Carroll |
| Tosaithe in 2011 | Feidhmchláir fón póca a úsáid mar 'theicneolaíocht infheithicle' chun monatóireacht a dhéanamh ar iompraíocht tiomána RIOSCA:MONATÓIREACHT | Scoil na Síceolaíochta, OÉ Gaillimh | An Dr Kiran Sarma |
| | Luathintinneacht agus an méid a chuireann sí le tiomáint sheachránach | Scoil na Síceolaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | An Dr Michael Gormley agus an tOllamh Hugh Gavan |

## Teagmháil Idirnáisiúnta


Tá an RSA tiomanta do rannpháirtíocht i dtaighde Eorpach agus do chumas taighde um shábháilteacht ar bhóithre den chaighdeán is airde a fhorbairt laistigh den Údarás. Rinne an Roinn Taighde ionadaíocht thar ceann an RSA ag na cruinnithe seo a leanas: cruinniú bliantúil Bhord an Fhóraim Eorpaigh d'Institiúidí Taighde um Shábháilteacht ar Bhóithre (FERSI), cruinniú bliantúil OECD – Fóram Iompair Idirnáisiúnta, an Bunachar Sonraí Idirnáisiúnta um Thrácht agus Timpistí ar Bhóithre (IRTAD), comhdháil dhébhliantúil na Comhdhála Idirnáisiúnta um Alcól agus Drugaí i Sábháilteacht Iompair (ICADTS) agus cruinniú bliantúil PIN de chuid Chomhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC).


## OIDEACHAS

# An Tointeálaí agus an tIonsamhlóir Tar-Rollta





Líon na n-imeachtaí ar thug an Tointeálaí/an tIonsamhlóir Tar-Rollta Idirghníomhach um Shábháilteacht ar Bhóithre cuairt orthu i ngach cúige in 2012 agus in 2013.





Líon na n-imeachtaí ar ar fhreastail an Tointeálaí/ an tIonsamhlóir Tar-Rollta Idirghníomhach um Shábháilteacht ar Bhóithre in 2012 agus in 2013.

Líon na gcuairteoirí ar an Tointeálaí agus ar an Ionsamhlóir Tar-Rollta Idirghníomhach um Shábháilteacht ar Bhóithre in 2012 agus in 2013.



# Bí Cliste ar an tSráid

Líon na Scoileanna (agus na réamhscoileanna) i ngach cúige a bhfuil leas bainte acu as an gclár Bí Cliste ar an tSráid go dtí seo in 2012 agus in 2013.




Oiliúint inniúlachta rothaíochta

In 2013, cuireadh oiliúint inniúlachta rothaíochta ar **11,439** dalta i **422** scoil

## Cláir Oiliúna

- Reáchtáladh 11 seisiún oiliúna don oiliúnóir de chuid wrecked.ie in 2013 agus ghlac 110 duine san iomlán páirt iontu.
- Reáchtáladh 12 sheisiún oiliúna don oiliúnóir mar chuid den Chlár Pobail in 2013 agus ghlac 111 duine páirt iontu.

## Feachtais Scoile

Sa bhliain 2013, scaip an RSA 3,630 'Paca Sábháilteachta ar Bhóithre um Fhilleadh ar an Scoil' ar bhunscoileanna. Scaipeadh 100,000 veist shofheicthe ar naíonáin shóisearacha freisin.

Gheobhaidh **160,000** duine pacaí Seatbelt Sheriff /Hi Glo Silver

## Seatbelt Sheriff/Hi Glo Silver – Dáileadh Pacaí

Seachadadh pacaí Seatbelt Sheriff (Sirriam ar Chriosanna Sábhála) agus Hi Glo Silver go gach bunscoil i mí Dheireadh Fómhair. Tá Sirriam ar Chriosanna Sábhála dírithe ar leanaí i rang a haon agus déantar sirriamaí ar chriosanna sábhála de leanaí nuair a thugann siad gealltanas go gcaithfidh siad a gcrios sábhála i gcónaí agus go ndéanfaidh siad cinnte go bhfuil crios sábhála ar gach duine eile sa charr chomh maith. Cuireann Hi Glo Silver ard-infheictheacht chun cinn agus tá an clár deartha do dhaltaí i rang a dó. Gheobhaidh tuairim is 160,000 leanbh san iomlán na pacaí sin agus iad ag foghlaim faoi shábháilteacht ar bhóithre. Is é a bheidh sna pacaí ná suaitheantais, treoracha do mhúinteoirí agus teastais do na páistí, póstaeir agus bandaí muinchille sofheicthe.

**28,187** líon na veisteanna sofheicthe a dáileadh ar réamhscoileanna do **Sheachtainí um Shábháilteacht ar Bhóithre**.

## Léacht Acadúil ADI

D'óstáil an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre Léacht Bhliantúil ar Shábháilteacht ar Bhóithre Dé Luain an 7 Deireadh Fómhair i gColáiste Ríoga Lianna na hÉireann, a bhí dírithe go sonrach ar Theagascóirí Tiomána Formheasta (ADInna). Ba é 'Tacú le Tiománaithe Foghlama' téama na léachta agus bhí breis agus 150 Teagascóir Tiomána Formheasta i láthair.

## Tionscadal Marsantaithe

Tá seastáin taispeána na mbileog faisnéise de chuid an RSA lonnaithe in **216** láthair ar fud na tíre.

DÁILEADH NÍOS MÓ NÁ **236,000** BILEOG

Tá seastáin taispeána na mbileog faisnéise de chuid an RSA lonnaithe in **216** láthair ar fud na tíre

## Seó Bóthair 'Check it Fits'

Sa bhliain 2013, tugadh cuairt ar **26** láthair agus seiceáladh **1,500** suíochán gluaisteáin do leanaí.


Sa bhliain 2013, tugadh cuairt ar 26 láthair agus seiceáladh **1,500** suíochán gluaisteáin do leanaí.

## Tionscnaimh / Imeachtaí

Thug an RSA a Thointeálaí Idirghníomhach um Shábháilteacht ar Bhóithre leis go Comórtas Treabhdóireachta 2013, áit a raibh de bhreis ar **189,000** duine i láthair.

## Tabhartais in Aisce Earraí Sofheicthe

**Sa bhliain 2013, chuaigh an RSA i gcomhpháirtíocht le roinnt eagraíochtaí le hearraí sofheicthe a dháileadh saor in aisce.**










## Tionscnaimh eile







**2,000** líon na veisteanna sofheicthe a dáileadh le haghaidh **shiúlóid trí lá Chaisleán an Bharraigh**

**60,000** líon na mbandaí muinchille a dáileadh mar chuid den **fheachtas Seatbelt Sheriff/Hi Glo Silver**

**BREIS AGUS 20,000** líon na mbandaí muinchille do dhaoine fásta a tugadh don phobal ónár dtointeálaí idirghníomhach ar fud na tíre agus tríd an nGarda Síochána

**40,000** líon na mbandaí muinchille a dáileadh le haghaidh **Mhionmharatón Flora trí Mharatón Bhaile Átha Cliath**

**11,000** líon na veisteanna do leanaí a dáileadh le haghaidh **Lá Bíp Bíp**

**5,000** líon na míreanna sofheicthe a dáileadh trí **USI** le haghaidh **mic léinn tríú leibhéal**

**3,000** líon na mbandaí muinchille a dáileadh trí **Mhionmharatón na mBan, Luimneach**

**3,000** líon na mbeannóg sofheicthe a dáileadh trí **Mharatón Acla**

**2,000** líon na míreanna sofheicthe a dáileadh ar Phobal Órán Mór le haghaidh **'Bos Ard do Lá na nÉadaí Sofheicthe'**


**2,000** líon na veisteanna sofheicthe agus málaí sreangán sofheicthe a dáileadh ag rith **10K Ghleann na Bóinne**

**10,000** líon na veisteanna a dáileadh trí **RITH**

# TEAGASC TIOMÁNA FORMHEASTA (AONAD ADI)

adi RSA
Approved Driving Instructor

Amhail an 31 Nollaig 2013, bhí 1,956 Teagascóir Tiomána Formheasta (ADI) ag obair sa tionscal.




# BUNOILIÚINT TOSAIGH (IBT) — GLUAISROTHAIR

An cúrsa oiliúna éigeantach ina dteagasctar bunscileanna gluaisrothaíochta do ghluaisrothaithe foghlama is ea Bunoiliúint Tosaigh (IBT). Tá an cúrsa mar chuid de scéim an RSA um Cheadúnú Tiomána Forchéimnitheach (GDL) agus is é is aidhm dó feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre. Cúrsa 16 huaire is ea an IBT Bhunúsach agus cuirtear ar fáil í i gceithre mhodúl ar leith, ceann i ndiaidh a chéile.

Sa bhliain 2013, d'éirigh le thart ar **2,494** gluaisrothaí nuacheadúnaithe an Bhunoiliúint Tosaigh a chur i gcrích.

Mhéadaigh líon na n-ionad oiliúna formheasta do bhunoiliúint tosaigh go **72** ceann

agus tá **134** teagascóir gluaisrothair formheasta ann anois

San am i láthair, tá **79** Teagascóir formheasta IBT ann

# OILIÚINT RIACHTANACH DO THIOMÁNAITHE (EDT)

Ó thabhairt isteach na gceachtanna, tá níos mó ná **750,000**

Ceacht oiliúna riachtanaí do thiománaithe tugtha do bhreis agus **80,000** tiománaí foghlama.

San am i láthair, tá níos mó ná **1,856** teagascóir tiomána formheasta ag tabhairt ceachtanna oiliúna riachtanaí do thiománaithe ar fud na tíre.

Cuireadh **326,000** ceacht oiliúna riachtanaí do thiománaithe i gcrích le linn 2013


# Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil Tiománaithe (CPC Tiománaithe)

Tá dualgas ar gach tiománaí bus agus trucaile (daoine arb í an tiomáint an tslí bheatha atá acu) an cháilíocht CPC Tiománaithe atá acu a choinneáil trí oiliúint thréimhsiúil aon lae a chur i gcrích gach bliain.

RSA

DRIVERcpc

Driver Certificate of Professional Competence



Tá

**444**

ionad oiliúna formheasta ann, agus

**794**

oiliúnóir inniúlachta gairmiúla do thiománaithe iontu, ar fud na tíre

**300,000**

lá oiliúna (suas go deireadh mhí na Nollag 2013) curtha i gcrích ó tugadh isteach an deimhniú ar inniúlacht ghairmiúil tiománaithe, agus thart ar

**89,000**

lá oiliúna curtha i gcrích in 2013.

Sa bhliain 2013, rinneadh


**5,300**

tástáil teoirice CPC.

Roimh an 10 Meán Fómhair 2013, soláthraíodh Cárta CPC Tiománaithe Bus do

**21,000**

tiománaí gairmiúil




# RIALACHA AN BHÓTHAIR

Ag teacht sna sála ar athbhreithniú suntasach ar Rialacha an Bhóthair, eisíodh Leagan 4 i mí an Mheithimh 2013. Is mó an foilseachán sin ná leaganacha roimhe de bharr reachtaíocht agus faisnéis nua a bhaineann le hábhair éagsúla.




# CAIGHDEÁIN FEITHICLÍ AGUS FORFHEIDHMIÚ

Cuimsíonn Stiúrthóireacht an RSA um Chaighdeáin Feithiclí agus Forfheidhmiú an Rannóg um Thástáil Feithiclí Tráchtála agus an Rannóg um Fhorfheidhmiú, atá lonnaithe i mBaile Locha Riach, agus an Rannóg um Chaighdeáin Feithiclí, atá lonnaithe i mBéal an Átha. Cuimsíonn an Stiúrthóireacht um Chaighdeáin agus Forfheidhmiú na príomhréimsí agus feidhmeanna seo a leanas:

- Cineálcheadú agus rialúchán feithiclí nua nó cur i seirbhís feithiclí agus rialúchán feithiclí in úsáid ar ár mbóithre;
- Reachtaíocht AE agus náisiúnta a bhaineann le hiompar ar bhóithre a fhorfheidhmiú i dtaobh tacagraf, rialacha tiománaithe, an Treoir ar Am Oibre agus ceadúnú oibreoirí tarlú bóthair agus paisinéirí;
- Maoirsiú a dhéanamh ar an gcóras um Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála chun caighdeán agus sláine na scéime a chinntiú agus chun cuidiú leis an nGarda Síochána nuair atá seiceálacha i gcomhair ródacmhainneacht á ndéanamh ar fheithiclí tráchtála ar thaobh an bhóthair;
- Clár leathan um Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála a chur chun feidhme, rud a bhrúfaidh ‘athrú céime’ chun cinn i gcaighdeáin ródacmhainneacht feithiclí tráchtála a oibrítear ar bhóithre na hÉireann;
- An tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna a riar agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an chonraitheora thar ceann an Stáit;
- An Scéim um Eisiúint Cártaí Tacagraif Dhigitigh a riar thar ceann an Stáit
- An tseirbhís tástála feithiclí ADR (iompar earraí contúirteacha) a riar.

Is é aidhm fhoriomlán na Stiúrthóireachta ná a chinntiú go bhfuil caighdeáin feithiclí agus nósanna imeachta tástála na hÉireann ar aon dul le dea-chleachtas, go gcomhlíonann oibreoirí agus tiománaithe feithiclí tráchtála na dualgais atá orthu feithiclí tráchtála a úsáid agus a fheidhmiú go sábháilte agus go gcuireann obair na Stiúrthóireachta leis an RSA a bheith ina údarás aitheanta éifeachtach ó thaobh sábháilteachta ar bhóithre de.





# Buaicphointí ó 2013

1. Le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle Eorpach sa chéad leath de 2013, rinne an RSA cathaoirleacht ar Ghrúpa Oibre na Comhairle ar chaighdeáin theicniúla mótarfheithiclí d'fhonn tograí a aontú chun torann feithiclí a laghdú.
2. Rinne ionadaithe ón RSA cathaoirleacht ar chruinnithe stiúrtha agus iomlánacha de chuid Euro Contrôle Route (ECR) agus rinne siad ionadaíocht don ECR ag cruinnithe de chuid Pharlaimint na hEorpa. Chomh maith leis sin, d'eagraigh siad mór-chomhdháil idirnáisiúnta ar 'Forfheidhmiú Éifeachtach Éifeachtúil nuair atá Géarchéim Airgeadais i Réim' thar ceann ECR i mí an Mheithimh 2013 ag an Ospidéal Ríoga, Cill Mhaighneann.
3. Ghlac an RSA le freagracht as tástáil feithiclí tráchtála ó na hÚdaráis Áitiúla an 27 Márta 2013
4. Chuir an RSA cur chuige caighdeánaithe chun feidhme i leith maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras tástála feithiclí tráchtála
5. Glacadh le rialacháin nua maidir le cothabháil agus le deisiú feithiclí tráchtála
6. Chuir an RSA tús le cigireachtaí a dhéanamh ar áitreabh oibreoirí maidir le cleachtais agus le córais chothabhála
7. Tháinig méadú faoi dhó ar líon na gcigireachtaí a rinne an RSA agus an Garda Síochána ar ródacmhainneacht feithiclí ar thaobh an bhóthair
8. Chuir an RSA an Córas um Fhaisnéis Feithiclí Tráchtála (CoVIS), ar lárchóras TFC é, i bhfeidhm. Tá an Córas ar an mbunchloch do roinnt athruithe tábhachtacha athchóirithe a chumasú

Agus riocht níos fearr ar fheithiclí cláraithe in Éirinn agus béim níos mó á cur ar fheithiclí idirnáisiúnta in Éirinn trí ghníomhaíocht forfheidhmithe, tá an RSA ag súil go n-imreofar tionchar dearfach ar shábháilteacht ar bhóithre dá bharr. Ba cheart go gcabhródh flít feithiclí tráchtála ar ardchaighdeán le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, le brú tráchta a laghdú, le hiomaíocht chóir a chinntiú, le feasacht níos fearr a fhorbairt ar shaincheisteanna sábháilteachta ar bhóithre agus leis an gcultúr sábháilteachta a fheabhsú laistigh den tionscal iompair.


# Tástáil Feithiclí Tráchtála 2013

Tástáil Ródacmhainneachta um Fheithiclí Tráchtála
Commercial Vehicle Roadworthiness Testing

Tástáladh 122,230 Feithicil Tráchtála Throm (HCV) agus 418,801 Feithicil Tráchtála Éadrom (LCV) sa bhliain 2013.


## HCV - Líon na dTástálacha 2012-2013

Líon na dtástálacha a rinneadh.




## LCV - Líon na dTástálacha 2012-2013

Líon na dtástálacha a rinneadh.




## HCV - Tástáil iomlán - Pasrátaí / Teiprátaí - Deireadh Fómhair/Nollaig 2013




Bhíothas in ann na pasrátaí agus na teiprátaí d'fheithiclí tráchtála a ndearnadh tástáil iomlán orthu (seachas torthaí ó atástálacha) a bhrath ó mhí Dheireadh Fómhair 2013 de bharr theacht isteach an Chórais CoVIS.





Meán-phasráta
**45.26%**
Meán-teipráta
**54.74%**




Meán-phasráta
**45.26%**
Meán-teipráta
**54.74%**

Bailíodh na sonraí sin le linn na trí mhí dheiridh de 2013.

**LCV - Tástáil iomlán - Pasrátaí / Teiprátaí - Deireadh Fómhair/Nollaig 2013**




Sa bhliain 2013, rinne an RSA 1,505 cigireacht ar ionaid Tástála Feithiclí Tráchtála chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh ceanglas a bhaineann le háitreabh agus le trealamh, le caighdeáin ionaid tástála feithiclí tráchtála agus le comhsheasmhacht na tástála. Tugadh faoi 355 tástáil bhreathnaithe ar thástálaithe agus faoi 182 tástáil neamhspleách chun a chinntiú go raibh an tástáil á déanamh de réir nósanna imeachta agus ceanglas.

Le linn na bliana 2013, thionscain an RSA bearta araíonachta in aghaidh ionaid tástála nuair ba chuí, rud a bhain le fógraí treoraithe a eisiúint agus leis an ionad tástála a chur ar fionraí.

D'eisigh an RSA 48 fógra treoraithe d'Ionaid Tástála Feithiclí Tráchtála ar aimsíodh go raibh siad ag sárú ceanglais shonracha i dtaca leis an áitreabh agus leis an trealamh a bhí á n-úsáid le haghaidh tástála.

## RÓDACMHAINNEACHT FEITHICLÍ TRÁCHTÁLA A FHORFHEIDHMIÚ AR THAOBH AN BHÓTHAIR AGUS AG ÁITREABH OIBREOIRÍ

### Forbhreathnú ar an nGníomhaíocht ar tugadh fúithi chun tacú le comhlíonadh i measc feithiclí tráchtála agus tiománaithe in 2013


Sa bhliain 2013, chomhaontaigh an RSA agus an Garda Síochána comhstraitéis um fhorfheidhmiú ar thaobh an bhóthair go dtí an bhliain 2019, straitéis atá ar aon dul le Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre. Rinneadh mionphlean bliantúil um oibríochtaí ar thaobh an bhóthair a chomhaontú freisin maidir leis an íoslíon feithiclí a ndéanfaí imscrúdú orthu ag na seicphointí ar thaobh an bhóthair i ngach contae. Chomh maith leis sin, rinne an Garda Síochána agus an RSA tástáil rathúil ar fheidhm láraithe sceidealaithe do sheiceálacha ar thaobh an bhóthair le trí cinn de shé réigiún an Gharda Síochána.

In 2013, ghlac Cigirí Feithiclí an RSA páirt i **1,616 seicphointe ar thaobh an bhóthair** leis an nGarda Síochána.

Is ionann é sin agus **méadú 54% ar an bhfigiúr do 2012.**

**Tháinig méadú faoi dhó, beagnach, go 14,269** feithicil ar líon na seiceálacha i gcomhair ródacmhainneachta, i gcomparáid leis an bhfigiúr do 2012. Fuarthas amach sna seiceálacha sin go raibh lochtanna ar **7,961 feithicil, nó 56.5% díobh**.

Bhí lochtanna contúirteacha ar **521 feithicil** san iomlán, a thug údar le gníomh láithreach amhail gaibhniú, deisiú ar an láthair nó tástáil nua.




Is é atá sna pictiúir thíos ná samplaí de roinnt de na lochtanna ba thromchúisí agus ba scáfaire a d'aimsigh Cigirí Feithiclí an RSA ar thaobh an bhóthair le linn 2013.


Locht samplach sa réimse Rothaí, Bonn agus Crochta.


Locht samplach sa réimse Trealamh Coscánaithe.


Locht samplach sa réimse Fonnaidh agus Forbhall Fonnaidh.

Cuireadh béim sa chomhstraitéis um fhorfheidhmiú ar thaobh an bhóthair 2013 ar ródacmhainneacht busanna scoile a sheiceáil.

**31%** céatadán na lochtanna busanna scoile a sainmhíníodh mar lochtanna móra nó contúirteacha.

Sna cásanna sin, bhí gá le haire láithreach a thabhairt don bhus agus cuireadh cosc air leanúint ar aghaidh lena thuras.



## Seiceálacha ar Oibreoirí: Dualgais nua chothabhála agus deisithe

Sa bhliain 2013, cuireadh dualgas nua ar oibreoirí agus ar úinéirí Feithiclí Tráchtála Troma córais deisithe agus chothabhála a bheith i bhfeidhm acu. Thosaigh an RSA ag tabhairt faoi chigireachtaí ar áitreabh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chórais chothabhála, ar thaifid chothabhála agus ar nósanna imeachta cothabhála. De chineál comhairleach agus oideachasúil a bhí na cuairteanna tosaigh, agus é mar aidhm leo tacaíocht a thabhairt d'oibreoirí a ndualgais a thuiscint agus a chomhlíonadh. Tugadh faoi 689 cigireacht ar áitreabh in 2013.

**9,876**
**líon na sáruithe ar na rialacháin** a braitheadh le linn cigireachtaí a rinneadh in 2013.

## Uaireanta tiománaithe agus tacagraif, lena n-áirítear ceadúnú oibreoirí, a fhorfheidhmiú

Is iad Oifigigh Iompair an RSA a dhéanann na rialacháin i dtaobh uaireanta tiománaithe, tacagraf agus ceadúnú oibreoirí a fhorfheidhmiú ar thaobh an bhóthair agus ag áitreabh oibreoirí. Braitheadh 9,876 sárú ar na rialacháin le linn cigireachtaí a rinneadh in 2013.

Ghlac Oifigigh Iompair an RSA páirt in
**813**
**seiceáil ar thaobh an bhóthair** le linn 2013 agus rinne siad imscrúdú ar thaifeadtaí ama tiomána i gcás 4,048 tiománaí.

## Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe ar Thaobh an Bhóthair

Le linn na bliana 2013, ghlac Oifigigh Iompair an RSA páirt in 813 seiceáil ar thaobh an bhóthair agus rinne siad imscrúdú ar thaifeadtaí ama tiomána i gcás 4,048 tiománaí. Glacadh páirt i 631 seiceáil agus rinneadh imscrúdú ar thaifeadtaí 3,504 tiománaí in 2012.

## Seiceálacha ar Áitreabh Oibreoirí

Rinneadh 528 cigireacht ar áitreabh oibreoirí anuraidh i gcomparáid le 625 cigireacht in 2012. Le linn na bliana 2013, sheiceáil Oifigigh Iompair beagnach 4,000 tiománaí ag na cigireachtaí sin agus rinne siad anailís ar thart ar 280,000 taifead. Seiceáladh 4,617 tiománaí agus rinneadh anailís ar 482,618 taifead in 2012.

**528**
**líon na gcigireachtaí ar áitreabh** oibreoirí anuraidh i gcomparáid le **625** cigireacht in 2012.

## Rath an RSA sa Chúirt 2013

D'éirigh leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 120 cás a ionchúiseamh i gCúirteanna Dúiche le linn 2013 (i gcomparáid le 221 cás in 2012). Ba le sáruithe ar rialacha i dtaobh uaireanta tiománaithe, tacagraf agus ceadúnú oibreoirí a bhain formhór na gcásanna a ionchúisíodh sa Chúirt. Bhí méadú 15% ar líon na ráiteas le haghaidh ionchúisimh a cuireadh isteach de bharr cigireachtaí ar thaobh an bhóthair agus cigireachtaí ar áitreabh oibreoirí, agus 355 ráiteas á gcur isteach ag Oifigigh Iompair sa bhliain 2013 i gcomparáid le 309 ceann sa bhliain 2012.

Is ar shuíomh Gréasáin an RSA ag www.rsa.ie/prosecutions a fhoilsítear na torthaí ó chásanna an RSA.

Ábhar imní go fóill is ea leibhéal na bpionós a bhíonn á bhforchur ag an gCúirt de bharr cionta tromchúiseacha sábháilteachta ar bhóithre ag feithiclí tráchtála, ach aithnítear gur faoin gCúirt sin amháin a bhíonn sé an cinneadh a dhéanamh. Pionóis ísle a fhorchuirtear ar chiontóirí de bharr neamhaird neamhnáireach a thabhairt ar na rialacha, ní spreagann siad comhlíonadh agus cuireann siad pionós orthu siúd a chomhlíonann na rialacha trí iad a chur faoi mhíbhuntáiste iomaíoch.

**120**
líon na gcásanna ar **éirigh leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre iad a ionchúiseamh** i gCúirteanna Dúiche le linn 2013

# Do chuid dualgas a thuiscint

D'fhoilsigh an RSA raon faisnéise agus ábhar treorach chun cabhrú le hoibreoirí na dualgais dhlíthiúla éagsúla atá orthu a chomhlíonadh. Chun eolas a thabhairt faoi na hathchóirithe CVR, d'eagraigh an RSA sraith fógraí raidió, d'fhoilsigh sé fógraí sna nuachtáin náisiúnta, chuir sé nuachtlitir le chéile do na hoibreoirí agus d'fhorbair sé físeáin oideachasúla atá ar fáil ar Chainéal an RSA ar YouTube. Tá an t-ábhar comhairleach agus treorach ar fad ar fáil ar www.CVRT.ie. Scaiptear faisnéis ag seicphointí ar thaobh an bhóthair, ag cúrsaí CPC Tiománaithe, ag seimineáir agus trí ionaid eile. Foilsíonn an RSA ailt freisin in irisí trádála ar nós Fleet Magazine. Bíonn teagmháil leanúnach ann idir an RSA agus na cumainn éagsúla ionadaíocha maidir le saincheisteanna agus le malartú faisnéise. Creideann an RSA go mbaineann ríthábhacht leis na hidirghníomhartha sin maidir le feabhas a chur ar thuiscint, le haghaidh a thabhairt ar ábhair imní agus le comhlíonadh a fheabhsú.


# NCTS


Rud éigeantach i ngach Ballstát den Chomhphobal Eorpach, de réir Threoir 2009/40/CE agus Threoir 2010/48/AE, is ea tástáil thréimhsiúil a dhéanamh ar ródacmhainneacht carranna paisinéirí. Cuirtear an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna (NCTS) ar fáil i 47 ionad tástála ar fud na tíre agus fostaíonn sí thart ar 650 ball foirne.

Beart coisctheach tábhachtach ó thaobh sábháilteachta ar bhóithre de is ea tástáil i gcomhair ródacmhainneachta. Cinntíonn sí gur in ord agus in inneall atá na feithiclí, go háirithe feithiclí níos sine, a úsáidtear ar ár mbóithre. Tá an Tástáil Náisiúnta Carranna (NCT) in Éirinn i bhfeidhm le 14 bliana anuas agus is rud éigeantach í i gcás carranna atá os cionn ceithre bliana d'aois. Is é an phríomhaidhm atá léi ná feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre agus cur le cosaint chomhshaoil trí mheasúnú neamhspleách ar ródacmhainneacht agus ar leibhéal astaíochtaí carranna a chur ar fáil go tráthrialta le linn a saolré. Toisc go bhfuil meánaois an fhlít carranna tar éis méadú go 8.4 bliain, tá an NCT níos tábhachtaí ná riamh.

Tháinig méadú 2.2% go 38.2% ar an meán-phasráta do charranna a bhí 11 bhliain déag d'aois nó níos sine in 2013. Ba é 36% an meán-phasráta in 2012. Thar na blianta 2012 agus 2013, tháinig méadú 9.2% ar an bpasráta d'fheithiclí san aoisghrúpa sin. Ós rud é gur tástáladh na feithiclí sin tar éis bliana, agus ní tar éis dhá bhliain, tugann an méid sin le fios go láidir go bhfuil feabhas tagtha ar an meán ar ródacmhainneacht na bhfeithiclí sin, de réir pasrátaí, ó theacht isteach na tástála bliantúla i mí Iúil 2011.


I gcomparáid leis an bhfigiúr do 2012, ní raibh aon athrú suntasach in 2013 ar an bpasráta d'fheithiclí atá faoi bhun 10 mbliana d'aois. Ba é 48.1% an pasráta do 2013 ina hiomláine.










## Pasráta na dtástálacha iomlána vs Pasráta na n-atástálacha

| | Pasráta na dtástálacha iomlána | Pasráta na n-atástálacha |
|---|---|---|
| 2008 | 51.9% | 86.8% |
| 2009 | 51.5% | 90.7% |
| 2010 | 51.7% | 90.6% |
| 2011 | 50.5% | 90.5% |
| 2012 | 48.3% | 90.5% |
| 2013 | 46.6% | 90.5% |

Tá líon na dteipeanna faoi gach ceann de na **cúig phríomhchúis le teipeanna** leagtha amach anseo.




# Seiceálacha Comhsheasmhachta

Tugtar faoi thástálacha comhsheasmhachta ceithre huaire in aghaidh na bliana. Déantar iad trí fheithicil amháin a thástáil ar gach ceann de na 99 lána tástála sna 47 ionad NCT. Cinntíonn sé sin go mbíonn torthaí trealaimh comhsheasmhach le chéile agus go dtagann siad faoi lamháltais is inghlactha ionas gur féidir leis an RSA agus leis an bpobal a bheith muiníneach gurb ionann caighdeáin an trealaimh thástála do gach ionad. Breathnaíonn an TEC ar shraith amháin seiceálacha comhsheasmhachta ar a laghad gach bliain.

# Monatóireacht ar an NCTS

Agus cúnamh á fháil aige ón gConraitheoir Seirbhísí Maoirseachta (SSC), ó PricewaterhouseCoopers, agus ó Chonraitheoir Gnéithe Teicniúla (TEC), AA Ireland Ltd, déanann an RSA monatóireacht ar chomhlíonadh príomh-mhéadrach feidhmíochta agus ar chomhlíonadh comhaontuithe seirbhíse chonraitheoir an NCTS.


Ní mór do chonraitheoir an NCTS roinnt caighdeáin thábhachtacha feidhmíochta a chomhlíonadh ar bhonn ráithiúil, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Ní mór an meánam feithimh ar áirithint tástála ar fud na seirbhíse ina hiomláine a bheith níos lú ná 14 lá agus ní mór é a bheith níos lú ná 21 lá in ionaid tástála aonair. Sa chás nach dtugtar coinne tástála laistigh de 28 lá, ní mór an tástáil sin a chur ar fáil saor in aisce.
- Ní mór fógra a thabhairt do 80% d'úinéirí gur gá a gcarranna a thástáil 4-6 seachtaine roimh dháta dlite na tástála.
- Ní mór 99% de thorthaí tástála a dheimhniú mar thorthaí cruinne agus an tástáil á seiceáil.
- Ní mór don leibhéal sástachta custaiméirí leis an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna, de réir shainmhíniú an Innéacs Ilchodaigh Feidhmíochta do Chustaiméirí, a bheith cothrom le 80%.
- Ní mór an meáninnéacs ilchodach feidhmíochta a bhaineann le hiniúchtaí oibriúcháin na nIonad Náisiúnta Tástála Carranna a bheith cothrom le 90 faoin gcéad. Áirítear leis sin iniúchtaí ar gach gné den tseirbhís, amhail áitreabh, comharthaíocht, áiseanna, nósanna imeachta, seirbhís do chustaiméirí agus tástáil seiceálacha.

B'ionann sástacht leis an tseirbhís fhoriomlán a fuarthas ón NCTS in 2013 agus

**83.5%**

Líon na dtástálacha in aghaidh an ionaid in 2012 agus in 2013



## An Scéim Tacagraif Dhigitigh

Tá an fhreagracht as cártaí digiteacha tacagraif a riar agus a eisiúint dílsithe san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Fuarthas agus próiseáladh 17,693 iarratas ar thacagraf digiteach le linn 2013, i gcomparáid le 15,900 iarratas in 2012.

# CAIGHDEÁIN FEITHICLÍ

Tá caighdeáin feithiclí ag athrú agus ag feabhsú go leanúnach de bharr forbairtí sábháilteachta, comhshaoil agus teicneolaíochta. Tá oibleagáid láidir reachtúil ann chomh maith chun caighdeáin feithiclí a rialú mar thoradh ar na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre na hÉireann agus ar Achtanna Rialála CE. Déanann an RSA ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag fóraim CE agus Idirnáisiúnta agus tá sé freagrach as rannchuidiú a dhéanamh le beartas CE, agus é a fhorfheidhmiú, maidir le cineálcheadú agus cur i seirbhís feithiclí nua.

Tá an RSA freagrach chomh maith as reachtaíocht nua um thrácht ar bhóithre a mholadh d'fheithiclí atá in úsáid ar ár mbóithre.

Rinneadh na tionscadail seo a leanas a chríochnú nó a thosú in 2013.

## Rialacháin na gComhphobal Eorpach maidir le Mótarfheithiclí a Chineál-Cheadú (ECWVTA) – Dátaí tábhachtacha

Tá Rialacháin na gComhphobal Eorpach maidir le Mótarfheithiclí a Chineál-Cheadú (ECWVTA) agus na scéimeanna náisiúnta lena mbaineann i bhfeidhm ó mhí Aibreáin 2009. Ba le carranna amháin a bhain ECWVTA ar dtús ach, de bharr cur chun feidhme céimnithe le blianta beaga anuas, tá feithiclí eile, amhail busanna, trucailí agus leantóirí, ar áireamh iontu anois.

- Ón 29 Aibreán 2013, tá feidhm ag cineálcheadú maidir le feithiclí tráchtála éadroma nua (Catagóir CE N1) a dhéantúsaítear i roinnt céimeanna éagsúla.
- Ón 29 Deireadh Fómhair 2013, ní mór cineálcheadú a bheith ag leantóirí 'críochnaithe' éadroma sular féidir iad a chur ar díol.
- Is gá cineálcheadú a bheith ag leantóirí troma ón 29 Deireadh Fómhair 2013 freisin.

## Rialacháin Euro IV, Euro V agus Euro VI maidir le hAstaíochtaí ó Fheithiclí Tromshaothair

Agus í ina ball den Aontas Eorpach, tá dualgas ar Éirinn éifeacht a thabhairt do Rialacháin Euro maidir le hAstaíochtaí atá i dTreoir 2005/55/CE (agus na leasuithe arna ndéanamh uirthi1) agus i dTreoir 595/2009 ón CE. Leagtar síos leis na rialacháin sin luachanna teorantacha d'astaíochtaí truailleán gásach agus cáithníneach agus do theimhneacht múch sceite ó innill díosail, gháis nádúrtha agus gháis pheitriliam leachtaithe (LPG).

Ón 31 Nollaig 2013, is gá deimhniú Euro VI a bheith ag gach feithicil nua ar mó a mais thagartha ná 2,610kg ionas gur féidir í a chlárú.

## Aitheantas Frithpháirteach do Scéimeanna um Fheithiclí a Chineál-Cheadú

Tar éis féachaint le haitheantas frithpháirteach a fháil do scéimeanna náisiúnta um chineálcheadú leis an Ríocht Aontaithe, tháinig Meabhrán Tuisceana i bhfeidhm i mí an Mhárta 2013. Laghdaíonn an scéim aitheantais fhrithpháirtigh sin an t-ualach riaracháin agus an t-am a thógtar sula nglacfar sa Ríocht Aontaithe le feithiclí atá ceadaithe in Éirinn agus vice versa.

Chuathas i mbun Cláir Chomhairliúcháin Phoiblí do na tionscadail seo a leanas in 2013

1. Modhnuithe Feithiclí tar éis iad a Chlárú
2. Boinn Pháirtchaite
3. Ceadanna Speisialta d'fheithiclí áirithe
4. Rialacháin Nua maidir le Teorainneacha Meáchain Feithiclí
5. Ceadúnú ADR

# SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Tá an RSA tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a chothabháil de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Sa bhliain 2013, reáchtáil Bord an RSA aon chruinniú dhéag agus reáchtáil an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí trí chruinniú. D’aontaigh an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord an RSA Plean Iniúchóireachta Inmheánaí, rud lena gcuimsítear an bhliain 2013. Chuir Iniúchóirí Inmheánacha an RSA (Mazars) an plean i bhfeidhm agus rinne siad tuairisciú air.


# Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT)

## Tionscadail a soláthraíodh in 2013


1. **Gabháil Leictreonach Sonraí**
   Déantar an tástáil tiománaithe ar fad ar Tháibléad anois agus tarchuirtear na torthaí agus na sceidil go leictreonach.
2. **Comhtháthú IBT/EDT agus uasghrádú ar an gcóras ADI**
3. **NDLS**
4. **Comhtháthú leis an gcóras 'Gardaí ag úsáid na mórchóras go héifeachtach'**
5. **Suíomh Gréasáin nua um Shábháilteacht ar Bhóithre**
6. **Feidhmchlár fón póca do Chigireachtaí ar Thaobh an Bhóthair**

## Seirbhís níos fearr do chustaiméirí

1. **An custaiméir seachtrach**
   Feabhsuithe ar an tseirbhís do chustaiméirí a sholáthraíonn an RSA. Baineadh na feabhsuithe sin amach trí na nithe seo a leanas:
   1) Suíomh Gréasáin/micreashuíomh feabhsaithe nua (NDLS, an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre)
   2) Rinneamar an córas bainistíochta cumarsáide a leathnú freisin chun cur ar ár gcumas ceisteanna custaiméirí a fhreagairt ar bhealach tráthúil.




**Gníomhaíocht bhliantúil ar www.rsa.ie**



## AGUISÍN A

# SLIOCHT AS RÁITIS AIRGEADAIS AN RSA

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013


FAISNÉIS GHINEARÁLTA .......... 49

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS .......... 50

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS .......... 51

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA .......... 52

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS .......... 54

CLÁR COMHARDAITHE .......... 55

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS .......... 56



# AN TÚDARÁS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

## FAISNÉIS GHINEARÁLTA

### Seoladh an Údaráis

Páirc Ghnó Moy Valley
Primrose Hill
Bóthar Bhaile Átha Cliath
Béal an Átha
Contae Mhaigh Eo

### Feidhmeannach Sinsearach

Moyagh Murdock Uas. – Príomhfheidhmeannach
An tUas. Simon Buckley – Stiúrthóir, Seirbhísí Corparáideacha
Denise Barry Uas. – Stiúrthóir, Forfheidhmiú agus Caighdeáin Feithiclí
An tUas. Declan Naughton – Stiúrthóir um Thástáil Tiománaithe
An tUas. Michael Rowland – Stiúrthóir, Sábháilteacht ar Bóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe

### Comhaltaí an Bhoird

An tUas. Gay Byrne – Cathaoirleach
Áine Cornally Uas.
Myra Garrett Uas.
An tUas. Aaron MacHale
An tUas. Eddie Rock
An tUas. Ronan Melvin
Áine Carroll Uas.
An tUas. Sean Finan
Aideen Carberry Uas. (Dáta Ceapacháin 09/09/2013)
An tUas. John Mulvihill (Dáta Ceapacháin 09/10/2013)

### Baincéirí

Banc na hÉireann
Sráid an Phiarsaigh
Béal an Átha
Contae Mhaigh Eo

### Iniúchóirí

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

### Suíomh Gréasáin

www.rsa.ie

# AN TÚDARÁS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

## RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Ceanglaítear le hAlt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin cuntais a chur le chéile agus, tar éis don Bhord iad a fhaomhadh, na cuntais sin a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.

Agus na cuntais seo á gcur le chéile, ceanglaítear ar an Údarás na nithe seo a leanas:

beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach;

breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh.

- cuntais a chur le chéile ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás orthu i mbun feidhme.

aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach as leabhair chuí chuntasaíochta a choimeád, ina nochtar, le cruinneas réasúnta, a staid airgeadais ag tráth ar bith agus a chabhraíonn lena chinntiú go gcloíonn na cuntais le Ceanglais Reachtúla. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach chomh maith as cosaint shócmhainní an Údaráis agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

# AN TÚDARÁS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

## RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Ar son an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, tugaim aird ar fhreagrachtaí an Údaráis a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Níl an córas ach in ann a chinntiú go réasúnta, ní go hiomlán, go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a chur i gcuntas go cuí, agus go gcuirtear cosc ar earráidí agus ar mhírialtachtaí ábhartha nó go n-aimsítear go tráthúil iad. Agus breithniú á dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais, beidh aird ag an Údarás agus ag a gCoiste Iniúchta ar riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit, i measc nithe eile.

Chuir an tÚdarás roinnt céimeanna díobh chun a chinntiú gur ann do thimpeallacht chuí rialaithe trí thabhairt faoi na nithe seo a leanas:

- údarás, cuntasacht agus freagrachtaí na bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna foirmiúla imeachta a chruthú le monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus ar chosaint sócmhainní;
- nós freagrachta in uile leibhéal na heagraíochta a fhorbairt.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach thuairiscithe bainistíochta agus nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas mar aon le córas toscaireachta agus freagrachta, lena n-áirítear:

- córas tuairiscithe airgeadais a mbaintear leas coitianta as ar fud na hearnála poiblí
- creatlach fhoirmiúil bhliantúil buiséadaithe agus pleanála gnó
- athbhreithniú an Bhoird ar chuntais bhainistíochta an Údaráis ar bhonn ráithiúil.

I ndáil le 2013 agus leis an ioncam Státchiste atá aitheanta don bhliain, chomhaontaigh an tÚdarás agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Comhaontú Seirbhíse maidir le soláthar seirbhísí ag an Údarás. Rialaíodh freisin leis an gComhaontú Seirbhíse tarraingt anuas an ioncaim Státchiste chun a chinntiú nach dtarraingeofaí é ach amháin nuair ba ghá.

Braitheann monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais de chuid an Údaráis ar obair an iniúchóra inmheánaigh; ar an gCoiste Iniúchta a dhéanann maoirsiú ar obair an iniúchóra inmheánaigh; agus ar na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Údarás atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais.

Sa bhliain 2013, rinneadh na hIniúchtaí Inmheánacha seo a leanas agus tuairiscíodh iad do Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí an Údaráis;

- Iniúchadh ar Chosaint Sonraí sa phróiseas um Thacagraif Dhigiteacha san Údarás
- Iniúchadh ar an bpróiseas um Sceidealú agus Cealú Tástálacha Tiomána san Údarás
- Rinneadh Iniúchadh ar an gCóras um Rialuithe Inmheánacha Airgeadais i mí na Samhna 2013

Tá córais shásúla agus nósanna imeachta sásúla i bhfeidhm ag an Údarás ó thaobh soláthair de agus, tríd is tríd, bíonn sé ag comhlíonadh na nósanna imeachta sin. Le linn na bliana 2013, rinne na hiniúchóirí seachtracha scrúdú ar shampla d'íocaíochtaí. Níor chomhlíon 7% de luach an tsampla a scrúdaíodh treoirlínte náisiúnta ná treoirlínte AE maidir le soláthar. Ba é €1.2m an tsuim a bhí i gceist. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Údarás ar a nósanna imeachta soláthair chun comhlíonadh a áirithiú sa todhchaí.

Deimhním gur thug an tÚdarás faoi athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais in 2013.

# AN TÚDARÁS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

## RÁITEAS AR BHEARTAIS CUNTASAÍOCHTA

Seo a leanas iad na beartais thábhachtacha cuntasaíochta arna nglacadh sna ráitis airgeadais seo:

### Bonn na Cuntasaíochta

Cuirtear na ráitis airgeadais le chéile de réir an mhodha fabhraithe cuntasaíochta, seachas mar a léirítear thíos, agus de réir prionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le caighdeáin um thuairisciú airgeadais a mholann na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta agus iad ina gcaighdeáin infheidhmithe. Cuirfidh an tÚdarás na ráitis airgeadais in éineacht le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi bhráid an Aire Iompair de réir Alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006.

### Deontas Stáit

Léiríonn an Deontas Stáit sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an tsuim arna fáil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa bhliain i gceist.

### Ioncam Eile

Léiríonn Ioncam Eile ioncam arna ghnóthú ag an Údarás. Aithnítear ioncam ó tháillí ar chártaí Tacagraif Dhigitigh agus ó chlárúcháin agus ó thástálacha Teagascóirí Tiomána Formheasta ar bhonn fáltas airgid. Is faoin modh fabhraithe cuntasaíochta a aithnítear an uile ioncam eile, lena n-áirítear táillí ar cheadúnais tiomána agus ar thástálacha tiomána, an tobhach tástála náisiúnta carranna agus an tobhach tástála feithiclí tráchtála.

### Sócmhainní Inláimhsithe

Sonraítear Sócmhainní Inláimhsithe de réir a gcostais stairiúil lúide dímheas carntha. Muirearaítear dímheas ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais ar bhonn dronlíne, ar na rátaí mar atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartuithe do luach iarmharach, thar a saolréanna eacnamaíocha fónta mar seo a leanas;

| | |
|---|---|
| Feabhsúcháin Léasachta | 20 bliain |
| Daingneáin agus Feistis | 5 bliana |
| Mótarfheithiclí | 5 bliana |
| Saintrealamh agus Trealamh Teileachumarsáide | 3 bliana |
| Crua-earraí | 3 bliana |
| Bogearraí Feidhmchláir | 3 bliana |

# AN TÚDARÁS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

# RÁITEAS AR BHEARTAIS CUNTASAÍOCHTA

### Chuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach gan amúchadh an ioncaim a caitheadh ar fheidhmeanna caiteachais chaipitil.

### Airgeadra Iasachtach

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí iasachtacha a shóinseáil go euro i rith na tréimhse de réir an ráta a bhí i gceist lá an idirbhirt agus áirítear iad seo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse i gceist. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadúla atá ainmnithe in airgeadraí iasachtacha a shóinseáil go euro de réir an ráta a bhí i gceist tráth dháta an chláir chomhardaithe agus déantar gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as seo a áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse i gceist.

### Pinsin Foirne

Tá 155 ball foirne san Údarás páirteach i scéim aoisliúntais na státseirbhíse agus níl dliteanais phinsin de chuid na mball foirne sin ar áireamh i ráitis airgeadais an Údaráis. Déanann an tÚdarás ranníocaíochtaí pinsin de chuid an 155 ball foirne sin a tharchur chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ní bhíonn aon oibleagáidí eile ag an Údarás ina dhiaidh sin i leith daoine ar baill den scéim iad.

Foráiltear le hAlt 20 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 go mbunóidh an tÚdarás Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre. I mí Iúil 2013, d'fhormheas an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Scéim, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá Ballraíocht sa Scéim ar oscailt do bhaill foirne a chuaigh isteach inti trí chomórtas seachtrach agus trí bhealaí eile ó Mheán Fómhair 2006. Amhail an 31 Nollaig 2013, bhí 171 ball foirne de chuid an Údaráis ina mbaill den Scéim. Is é a tharlaíonn faoin Scéim ná go n-asbhaineann an tÚdarás ranníocaíochtaí pinsin foirne as an bpárolla agus go dtarchuireann sé na ranníocaíochtaí sin chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tar éis di dul i mbun díospóireachta leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, dheimhnigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go leanfadh an Státchiste de bheith ag freastal ar dhliteanais Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ar bhonn 'íoc mar a théitear' i gcás gach baill den Scéim, de réir mar a bheidh siad dlite. Is é a tharlaíonn faoin gcóras 'íoc mar a théitear' ná go n-íoctar sochair na Scéime ó ioncam reatha Státchiste nuair a bhíonn siad dlite.

### Cuntasaíocht Pinsin do Scéim Aoisliúntais Foirne an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre

De bhun na socruithe íocaíochta thuasluaite agus de réir chleachtas cuntasaíochta agus caighdeáin chuntasaíochta an Rialtais, aithníodh an Scéim i ráitis airgeadais an Údaráis. Rinne achtúire neamhspleách luacháil ar dhliteanais na Scéime amhail an 31 Nollaig 2013, agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid á úsáid aige.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a ghnóthaigh fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a tharchuirtear chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Sonraítear suim arb ionann í agus an táille ar phinsean mar ioncam sa mhéid agus go bhfuil sé inghnóthaithe ón Státchiste agus seach-churtha ag na suimeanna atá ag teastáil d'fhonn íocaíochtaí pinsin a dhíscaoileadh.

Léirítear na gnóthachain nó na caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na Scéime seo sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Aitheanta Iomlána agus tá aird ar athrú comhfhreagrach sa tsuim inghnóthaithe ón Státchiste.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo a ghnóthaigh baill den Scéim seo go dtí seo. Léiríonn maoiniú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le gnóthú i dtréimhse amach anseo ón Státchiste.

# AN TÚDARÁS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

## AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Deontas Stáit | 6,223,000 | 13,662,000 |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | (2,165,903) | (2,019,463) |
| Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean | 2,779,000 | 1,867,000 |
| Ioncam Eile | 49,551,642 | 29,791,229 |
| | 56,387,739 | 43,300,766 |
| Costais Foirne | (18,424,380) | (17,511,328) |
| Comhairle Theicniúil | (365,730) | (414,663) |
| Costais Riaracháin | (4,370,488) | (3,999,852) |
| Costais Chlár | (27,413,905) | (16,120,422) |
| Costais Phinsin | (2,728,000) | (1,948,000) |
| Dímheas | (2,101,062) | (1,188,993) |
| | (55,403,565) | (41,183,258) |
| Barrachas don bhliain | **984,174** | **2,117,508** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir** | **18,531,393** | **16,413,885** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **19,515,567** | **18,531,393** |

## AN TÚDARÁS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

# CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2013

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 6,549,843 | 4,383,940 |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 31,598,336 | 25,569,081 |
| Féichiúnaithe agus Ioncam Fabhraithe | 1,251,426 | 334,057 |
| Réamhíocaíochtaí | 260,824 | 203,495 |
| | 33,110,586 | 26,106,633 |
| **Creidiúnaithe (Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | (13,595,019) | (7,575,240) |
| **Glansócmhainní Reatha/(Dliteanais)** | 19,515,567 | 18,531,393 |
| **Sócmhainní Iomlána roimh Phinsin** | 26,065,410 | 22,915,333 |
| Maoiniú Iarchurtha Pinsin | 36,457,000 | 30,496,000 |
| Dliteanais Phinsin | (36,457,000) | (30,496,000) |
| **Glansócmhainní Iomlána** | **26,065,410** | **22,915,333** |
| **Léirithe ag** | | |
| **Cuntas Caipitil** | 6,549,843 | 4,383,940 |
| **Cúlchistí Ioncaim agus Caiteachais** | 19,515,567 | 18,531,393 |
| | **26,065,410** | **22,915,333** |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

## 1. LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHOIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastal | 136,596 | 153,885 |
| Aoisliúntas | 11,725 | 15,907 |
| ÁSPC an Fhostóra | 13,478 | 14,399 |
| **Iomlán** | **161,799** | **184,191** |

Ní théann teidlíochtaí pinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin thar na teidlíochtaí caighdeánacha do scéim aoisliúntais sochar sainithe mhúnla na hearnála poiblí.

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin fostaithe faoi shocrú iasachta ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus is í FSS a íocann a thuarastal. Ba mar aisíocaíocht tuarastail agus mar ranníocaíocht le costais aoisliúntais a íocadh na suimeanna atá tugtha thuas le FSS. Ní bhfuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Pá i gCoibhneas le Feidhmíocht in 2012 ná in 2013. D'éirigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin as a phost an 4 Deireadh Fómhair 2013.

## 2. LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHOIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN EATRAMHAIGH

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach | | |
| Táillí Conartha | 40,379 | – |
| **Iomlán** | **40,379** | **-** |

Tar éis don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin éirí as oifig an 4 Deireadh Fómhair 2013, fuair an tÚdarás cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh ar feadh tréimhse eatramhach go dtí go líonfaí an post mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Tar éis próiseas roghnúcháin a bhí faoi stiúir na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, ceapadh conraitheoir seachtrach chun an phoist agus bhí sé i seilbh an phoist sin go dtí an 3 Eanáir 2014. Ceapadh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin reatha le héifeacht ón 17 Feabhra 2014.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

## 3. LUACH SAOTHAIR STIÚRTHÓIRÍ

| | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Cathaoirleach** | | |
| An tUas. Gay Byrne | 12,600 | 12,600 |
| **Comhaltaí Boird** | | |
| Áine Cornally Uas. | 8,100 | 8,100 |
| Myra Garrett Uas. | 8,100 | 8,100 |
| An tUas. Eddie Rock | 8,100 | 8,100 |
| An tUas. Ronan Melvin | 8,100 | 8,100 |
| An tUas. Aaron McHale | 8,100 | 8,100 |
| An tUas. Sean Finan | 8,100 | 8,100 |
| Aine Carroll Uas. | – | – |
| Aideen Carberry* Uas. | 2,509 | – |
| An tUas. John Mulvihill* | 1,739 | – |
| **Iomlán** | **65,448** | **61,200** |

Comhaltaí nua den Bhord a ceapadh in 2013 is ea na Comhaltaí Boird a bhfuil réiltín lena n-ainm. Chuaigh Aideen Carberry Uas. isteach sa Bhord an 9 Meán Fómhair 2013 agus chuaigh an tUas. John Mulvihill isteach sa Bhord an 14 Deireadh Fómhair 2013.

I mí na Nollag 2013, cuireadh in iúl don choiste feidhmiúcháin gur de bharr dearmad maoirseachta nár thug an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt fógra don Údarás faoi na laghduithe seo a leanas a mbeadh feidhm acu ón 1 Eanáir 2010 maidir le táillí Comhaltaí Boird faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail 2009;

- Cathaoirleach – Laghdaithe ó €12,600 go €11,970 in aghaidh na bliana
- Comhalta Boird – Laghdaithe ó €8,100 go €7,695 in aghaidh na bliana do ghníomhaireacht stáit Chatagóir 3

Tugadh fógra i scríbhinn do Chomhaltaí Boird faoin dearmad sin agus chomhaontaigh na comhaltaí lena mbaineann ag an gcruinniú Boird i mí Eanáir 2014 an ró-íocaíocht a aisíoc trí asbhaint a dhéanamh as táillí na gcomhaltaí do Ráithe I agus do Ráithe II de 2014. Tugadh fógra i scríbhinn do Chomhaltaí Boird an Údaráis roimhe sin faoin dearmad sin freisin.

# AN TÚDARÁS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

## 4. SPEANSAIS STIÚRTHÓRA

D'íoc an tÚdarás na costais taistil agus chothaithe seo a leanas le Comhaltaí Boird;

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Taisteal | 1,557 | – |
| Cothú | 333 | 57 |
| **Iomlán** | **1,890** | **57** |

## 5. TAIFEAD FREASTAIL STIÚRTHÓIRÍ

Reáchtáladh aon chruinniú Boird déag (11) sa bhliain 2013 (11 chruinniú Boird, 2012). De réir Alt 3.8 den Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009, leagtar amach sa tábla seo a leanas taifead freastail gach Comhalta Boird in 2013.

**Taifead Freastail Stiúrthóirí**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | | |
| An tUas. Gay Byrne | 11 | 11 |
| **Comhaltaí Boird** | | |
| Áine Cornally Uas. | 10 | 10 |
| Myra Garrett Uas. | 9 | 11 |
| An tUas. Aaron McHale | 11 | 9 |
| An tUas. Eddie Rock | 11 | 10 |
| An tUas. Ronan Melvin | 11 | 11 |
| An tUas. Sean Finan | 11 | 11 |
| Áine Carroll Uas. | 8 | 8 |
| Aideen Carberry Uas.* | 2 | – |
| An tUas. John Mulvihill* | 2 | – |

Comhaltaí nua den Bhord a ceapadh in 2013 is ea na Comhaltaí Boird a bhfuil réiltín lena n-ainm. Chuaigh Aideen Carberry Uas. isteach sa Bhord an 9 Meán Fómhair 2013 (Cruinnithe a raibh sí ann freastal orthu roimh dheireadh na bliana – 3 cinn) agus chuaigh an tUas. John Mulvihill isteach sa Bhord an 9 Deireadh Fómhair 2013 (Cruinnithe a raibh sé in ann freastal orthu roimh dheireadh na bliana – 2 cheann).


# AN TÚDARÁS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE OIBRIÚ LENA CHÉILE LE SAOLTA A SHÁBHÁIL

## Ba mhaith leis an RSA buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí seo a leanas as an tacaíocht a thug siad in 2013:

A-CEART
Advance Pitstop
An Garda Síochána
Teagascóirí Tiomána Formheasta (ADInna)
Cumann na nGluaisteán
BRÍ
Bus Éireann
An Chomhairle um Thurasóireacht agus Iompar Cóiste
Údarás Náisiúnta Iompair
Ospidéal Ollscoil Chorcaí
Coistí Cathrach i gCúram Leanaí
Rothaíocht Éireann
Cycling.ie
An Roinn Oideachais agus Scileanna (Clár Idirbhliana)
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
An Roinn Comhshaoil (TÉ)
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
Cumann Teagascóirí Tiomána na hÉireann (DIAI)
Bus Átha Cliath
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Caisleán Bhaile Átha Cliath
BSL
Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC)
An iris Fleet
Cumann Peile na hÉireann (FAI)
Clár na Scoileanna Glasa
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
IDAI
Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA)
Irish Farmers Journal (IFJ)
Comhlachas Tarlú Bóthair na hÉireann (IRHA)
Cumann Rugbaí na hÉireann (IRFU)
iRadio
Údaráis Áitiúla
Bord Ríomheolaíochta an Rialtais Áitiúil
MEAS
An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (MBRS)
Met Éireann
Midwest Radio
Muintir na Tíre
Fóraim Náisiúnta Phobail
An tOspidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, Dún Laoghaire
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI)
No Names Club
O'Brien Press
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
PARC
Responsible Young Drivers (YTD)
Reynolds Logistics Ltd
Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Údaráis Áitiúla
Road Safety Together
Roscommon Herald
Féile Rós Thrá Lí
Setanta Insurance
Taisteal Níos Cliste
Cumann Thionscal Mótar na hÉireann (SIMI)
Coláistí Tríú Leibhéal
Tony Kealy's Baby Store
Topaz
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Aontas na Mac Léinn in Éirinn
Coláiste na hOllscoile Corcaigh (UCC)
Volvo
Mercedes
Grúpaí Oibre


TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN RSA 2013 LEATHANACH 59

# NÓTAÍ



# Oibriú lena chéile le Saolta a Shábháil


An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
Road Safety Authority

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.
Moy Valley Business Park, Primrose Hill, Dublin Road, Ballina, Co. Mayo.

íosghlao: 1890 50 60 80 facs: (096) 25 002 / (096) 25 252
r-phost: info@rsa.ie suíomh Gréasáin: www.rsa.ie